

Trinity College Dublin
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
The University of Dublin

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

# 2020-21

www.tcd.ie

**Ba iad seo a leanas comhaltaí Bhord Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath i rith na bliana acadúla 2020/21:**

| | |
|---|---|
| **Ex Officio** | |
| Patrick J. Prendergast | An Propast |
| Jürgen Barkhoff | An Leas-Phropast/Príomh-Oifigeach Acadúil |
| Kevin Mitchell | Léachtóir Sinsearach/Déan an Léinn Fochéime |
| Brendan Tangney | An Cláraitheoir |
| Veronica A. Campbell | An Sparánaí/Stiúrthóir na Nuálaíochta Straitéisí |
| **Tofa/Ainmnithe** | |
| Sarah Alyn Stacey | Comhaltaí agus Comhollúna (2020-2024) |
| Khurshid Ahmad | Comhaltaí agus Comhollúna (2020-2024) |
| Andrew Burke | Comhaltaí agus Comhollúna (2018-2022) |
| Louis Brennan | Comhaltaí agus Comhollúna (2018-2022) |
| Kevin Byrne | An Fhoireann Theicniúil, Riaracháin agus Tacaochta (2020-2024) |
| Jill Donoghue | Comhalta Seachtrach (ainmnithe ag an Institiúid Gnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha, IIEA) (2018-2022) |
| Daniel Faas | Comhaltaí agus Comhollúna (2019-2022) |
| David Grouse | An Fhoireann Theicniúil, Riaracháin agus Tacaíochta (2018-2022) |
| Eoin Hand | Ionadaithe na Mac Léinn (Uachtarán Aontas na Mac Léinn) (2020-2021) |
| Rose Anne Kenny | Comhaltaí agus Comhollúna (2020-2024) |
| Leah Keogh | Ionadaí na Mac Léinn (Oifigeach Leasa Aontas na Mac Léinn) (2020-2021) |
| Caitriona Leahy | Comhaltaí agus Comhollúna (ionadaí don Ollamh Alyn Stacy) |
| Rachel Matthews-McKay | Cúntóirí Leabharlannaíochta, Baill den lucht Feidhmiúcháin Sinsearach, den lucht Feidhmiúcháin agus den lucht Rúnaíochta (2020-2024) |
| (Owen) Ross McManus | Comhaltaí agus Comhollúna (2020-2024) |
| Kathleen McTiernan | Baill Thofa den Lucht Léinn nach Comhaltaí iad (2018-2022) |
| Andrea Nolan | Comhalta Seachtrach (arna ainmniú ag an Aire Oideachais i gcomhairle leis an bPropast) (2020-2024) |
| Megan O'Connor | Ionadaí na Mac Léinn (Oifigeach Oideachais Aontas na Mac Léinn) (2020-2021) |
| Diarmuid R. Phelan | Comhaltaí agus Comhollúna (2018-2022) |
| Lorna Roe | Baill Thofa den Lucht Léinn nach Comhaltaí iad (2020-2024) |
| Gisele Scanlon | Ionadaí na Mac Léinn (Uachtarán Aontas na gCéimithe) (2020-2021) |
| Aidan Seery | Baill Thofa den Lucht Léinn nach Comhaltaí iad (2018-2022) |
| Fintan Sheerin | Baill Thofa den Lucht Léinn nach Comhaltaí iad (2020-2024) |
| John Walsh | Baill Thofa den Lucht Léinn nach Comhaltaí iad (2020-2024) |
| **I Láthair** | |
| Peter Reynolds | An Cisteoir/Príomh-Oifigeach Airgeadais (i láthair ex officio) |
| John Coman | An Rúnaí (i láthair ex officio) |
| Orla Cunningham | An Príomh-Oifigeach Oibríochta (i láthair, le cuireadh) |
| Juliette Hussey | Leas-Uachtarán don Chaidreamh Domhanda (i láthair, le cuireadh) |
| Victoria Butler | An Leas-Rúnaí (i láthair) |

Tá taifead ar fhreastal ar chruinnithe Boird agus ar chostais Bhoird in Aguisín I agus II faoi seach
Cuirtear an cháipéis seo ar fáil i bhformáid áisiúil ach sin a iarraidh (rphost: trinity.communications@tcd.ie)

# CLÁR NA nÁBHAR

## Gníomhaíochtaí Ollscoile


| | | |
|---|---|---|
| **1.** | **Forbairtí Acadúla** | **1** |
| | Rangú Ollscoile Domhanda | 1 |
| | Caighdeán | 1 |
| **2.** | **Oideachas** | **2** |
| | Pobal na Tríonóide | 2 |
| | Staitisticí Iontrála | 2 |
| | Scoláireachtaí | 3 |
| | An Curaclam – Cúrsaí Nua | 3 |
| | Bronnadh na gCéimeanna, Céad Onóracha agus Boinn Óir | 4 |
| | Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide | 4 |
| | Gradaim Theagaisc an Phropaist | 6 |
| | Oideachas Ar Líne | 6 |
| | Comhaontuithe Idirnáisiúnta | 7 |
| **3.** | **Eispéireas na Mac Léinn** | **8** |
| | Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn | 8 |
| | Gnóthachtálacha na Mac Léinn | 8 |
| **4.** | **Gníomhaíochtaí Taighde** | **11** |
| | Maoiniú Taighde | 11 |
| | Rathúlacht Scoláireachta agus Ghradaim | 11 |
| **5.** | **Nuálaíocht agus Tráchtálú** | **14** |
| | Maoiniú Taighde | 15 |
| | Maoin Intleachtúil | 15 |
| | Launchbox agus Blackstone Launchpad | 16 |
| **6.** | **Acmhainní Daonna** | **17** |
| | Daoine Cumasacha: Earcaíocht, Forbairt agus Feidhmíocht | 17 |
| | Obair maidir le hÉifeachtúlacht na nDaoine | 19 |
| | Rannpháirtíocht Foirne | 19 |
| **7.** | **Tionscnaimh Ollscoile agus Príomhimeachtaí** | **21** |
| **8.** | **Clár Forbartha Caipitil** | **24** |
| | Tionscadail | 24 |
| | Caomhnú Fuinnimh | 25 |
| **9.** | **Daonchairdeas** | **28** |
| **10.** | **Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 30 Meán Fómhair 2021*** (*arna gceadú ag an mBord i Márta 2022) | **30** |
| **Aguisín I** | **Freastal chomhaltaí an bhoird ar chruinnithe boird 2020-21** | **31** |
| **Aguisín II** | **Costais bhaill an bhoird 2020-21** | **32** |

# GNÍOMHAÍOCHTAÍ OLLSCOILE

## 1. Forbairtí Acadúla

### 1.1 Rangú Domhanda na nOllscoileanna

Rangaítear Coláiste na Tríonóide mar phríomh-ollscoil na hÉireann i Rangú Domhanda na nOllscoileanna de chuid QS, i Rangú Domhanda na nOllscoileanna de chuid an Times Higher Education (THE) agus i Rangú Acadúil na nOllscoileanna Domhanda, Shanghai.

Rangaítear Coláiste na Tríonóide in ionad 101 ar fud an domhain agus in ionad 35 ar fud na hEorpa ar liostaí QS maidir le Ord Feabhais Ollscoileanna an Domhain 2021. Rangaítear Coláiste na Tríonóide in ionad 155 ar liosta Rangú Ollscoileanna an Domhain an Times Higher Education 2021.

### 1.2 Cúrsaí Ardcháilíochta

Leanadh i rith na bliana acadúla 2020-21 leis an obair ullmhúcháin d'Athbhreithniú Institiúideach Choláiste na Tríonóide maidir le Cúrsaí Ardcháilíochta, a bheadh le déanamh an 7-11 Márta, agus tugadh bearta éagsúla mórthábhachta i leith an athbhreithnithe sin i gcrích i rith na bliana. Áirítear orthu sin:

- An Tuarascáil Bhliantúil maidir le Cúrsaí Ardcháilíochta (AQR) 2020-21 a chur faoi bhráid QQI i QQI i mí na Nollag 2021;
- Suirbhé faoin teideal ‘Is mór againn do Thuairim faoi chúrsaí Ardcháilíochta i gColáiste na Tríonóide’ a dhéanamh ar fud an choláiste i mí na Samhna 2020;
- Staidéar Cáis maidir le Cúrsaí Ardcháilíochta a fhoilsiú ina ndírítear aird ar thionscnaimh forfheabhsúcháin maidir le cúrsaí ardcháilíochta ar fud phobal an Choláiste;
- Grúpaí fócais le mic léinn i rith mí Meitheamh agus Iúil 2021 d'fhonn lón eolais a chruinniú a d'fhónfadh do do Thuarascáil Féinmheastóireachta na hInstitiúide (ISER) a leagan amach.

Ghoill Covid-19 arís i rith na bliana 2020-21 ar shruth na mbeart athbhreithnithe maidir le cúrsaí ardcháilíochta. D'aontaigh Coiste na gCaighdeán gnáis maidir le hathbhreithniú fíorúil i mí na Samhna 2020 mar gheall ar an bpaindéim. Cuireadh na gnáis oibre sin i bhfeidhm den chéad uair i mí Márta 2021 le hathbhreithniú fíorúil ar an nGnás Léinn. Cuireadh gach athbhreithniú eile a bhí leagtha amach a dhéanamh i rith na bliana 2020-21 ar atráth mar gheall ar an bpaindéim. Thug Coiste na gCaighdeán Tuarascáil faoi mheas i mí Deireadh Fómhair 2020 maidir le Bearta Éigeandála i ndáil le Covid-19 agus Obair Ullmhúcháin don Teagasc, don Fhoghlaim agus don Mheasúnóireacht 2020-21. Aontaíodh leasú ar na téarmaí tagartha do Choiste na gCaighdeán i mí Deireadh Fómhair 2020 chomh maith le leasú ar na rialacha maidir le comhaltaí an Choiste ionas go ndéantar foráil feasta d'ionadaí seachtrach maidir le cúrsaí Ardcháilíochta.

Rinneadh Ráiteas Choláiste na Tríonóide maidir le Polasaithe Ardcháilíochta a leasú i mí Márta 2021 d'fhonn soiléiriú a thabhairt faoi na cúinsí inar féidir creidiúnú ó chomhlacht gairme/tionscail a chur in úsáid i ndáil le gnáis athbhreithniúcháin na hOllscoile maidir le cúrsaí ardcháilíochta i Scoil nó in Aonad a shásamh (nó a chur in ionad na ngnás sin) agus leagtar béim faoi leith ar ról Dhéanach na Dáimhe maidir le haontú le cinneadh ar bith dul i muinín rogha dá leithéid seachas próiseas inmheánach de chuid Choláiste na Tríonóide a leanúint d'athbhreithniú ar chúrsaí ardcháilíochta. D'aontaigh Coláiste na Tríonóide Prionsabail Creidiúnúcháin Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí in Éirinn (QQI) i mí Meitheamh 2021. Toradh saothair na Prionsabail sin ar thionscadal dhá bhliain de chuid QQI i gcomhar le hionadaithe Chomhlachtaí Reachtúla maidir le Creidiúnú Gairmiúlachta agus Fhorais Ardoideachais d'fhonn díriú ar réimsí comhspéise agus feidhme maidir le caighdeán chláir léinn trína n-ullmhaítear mic léinn maidir le clárú le comhlacht gairme agus dul i mbun gairme i gceann de na réimsí gairmiúlachta.

I Mí na Nollag 2020, tharla céim mhórshuntasach maidir le Cónaidhm Ollscoileanna na hEorpa CHARM-EU nuair a chuir painéal saineolaithe an chéad chlár de chuid Chónaidhm CHARM-EU ‘Céim Mháistreachta i nDeacrachtaí Domhanda maidir le Cúrsaí Inmharthanachta’, faoi athbhreithniú seachtrach faoi Chur Chuige na hEorpa maidir le Dearbhú Cáilíochta i leith Chláracha i gComhar. Bhí baint ag Oifig na gCaighdeán le leagan amach na bpolasaithe agus na ngnás oibre maidir le dearbhú ardcháilíochta i ndáil le coinníollacha an phróisis a shásamh in éineacht le hionadaithe ardcháilíochta pháirtnéirí uile na Cónaidhme. D'aontaigh an Chomhairle Acadúil an Chéim Máistreachta i nDeacrachtaí Domhanda maidir le Cúrsaí Inmharthanachta i mí Eanáir 2021 maidir le tús a chur leis i mí Meán Fómhair 2021.

# 2. Oideachas

## 2.1 Pobal na Tríonóide

Is pobal scoláirí é Coláiste na Tríonóide atá comhdhéanta de mhic léinn, foireann acadúil, foireann riaracháin agus ghairmiúil. Tá éagsúlacht i gcroílár shainiúlacht Choláiste na Tríonóide, agus meallann sé mic léinn agus foireann ó áiteanna ar fud an domhain, agus ó gach cineál cúlra agus taithí socheacnamaíochta.

Bhí 18,871 fochéimí agus iarchéimí cláraithe in iomlán in 2020-21. Ba d'oileán na hÉireann thart ar 76% acu sin. Maidir le líon na mac léinn ón AE i gcomórtas le líon na mac léinn as tíortha taobh amuigh den AE, bhain 15,636 (83%) leis an EU agus 3,235 leis an gcuid eile den domhan (17%). Ba mhná 60% de na mic leínn agus b'fhir 40%.

Seachtó a haon faoin gcéad a bhí cláraithe ar chláir focheíme, 29% ar chláir iarchéime agus 61 agus 0.5% ar bhunchúrsaí.

## 2.2 Staitisticí Iontrála

Sa bhliain 2020, le Colaíste na Tríonoíde a rinneadh 8,326 de na hiarratais ché́adrogha i gcó́ras na Lá́r-Oifige Iontrá́la (CAO) – ardú 9% i gcomparáid leis an mbliain 2019 (7,611). Rinneadh 17% de na hiarratais céadrogha ar fud earnáil na hollscolaíochta ar fad le Coláiste na Tríonóide (16% sa bhliain 2019).

71,648 duine a rinne iarratas trí chóras na Lár-Oifige Iontrála ar chú́rsaí Leibhé́al 8 i bhforais ardoideachais na hÉireann, ardú 6% i gcomórtas le 67,281 sa bhliain 2019. In 2020, luaigh 19,586 (17,880 in 2019 agus 17,698 in 2018) Coláiste na Tríonóide mar cheann amháin nó níos mó dá roghanna cúrsa CAO.

Sa bhliain 2020, bhronn Coláiste na Tríonóide Gradaim Taispeántóirí Iontrála ar 527 mac léinn nua-iontrála (452 sa bhliain 2019). Tháinig na mic léinn sin as 455 scoil éagsúil (403 sa bhliain 2019) ar fud 32 contae in Éirinn (31 sa bhliain 2019), chomh maith le mic léinn as 17 scoil sna 13 tír seo a leanas: an Bheilg, an Chróit, an Eilvéis, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil, an Iorua, Lucsamburg, an Ungáir, an Pholainn, Sasana, an Spáinn agus an tSualainn.

As iomlán lucht na ngradam, tá staidéar á dhéanamh ag 199 mac léinn ar chúrsaí Innealtóireachta, Matamaitice agus Eolaíochta; ag 128 mac léinn ar Eolaíocht Sláinte agus ag 158 mac léinn ar na Dána, na Daonnachtaí agus na hEolaíochtaí Sóisialta. Tá 42 mac léinn sa bhreis orthu sin i mbun staidéir i níos mó ná aon dámh amháin. Mná 60% agus fir 40% d'iomlán lucht na ngradam (527).

Seoladh Staidéar Féidearthachta Iontrála Choláiste na Tríonóide (TAFS) in 2013 chun imscrúdú a dhéanamh an bhféadfadh sé go mbeadh sé indéanta mic léinn a ligean isteach i gColáiste na Tríonóide ag baint úsáide as teaglaim de thorthaí Ardteistiméireachta agus measúnuithe breise. Cuireadh cúig áit is fiche (25) i leataobh don staidéar: Dlí (10 n-áit), Stair (10 n-áit), agus Stair agus Cultúr Ársa agus Meánaoiseach (AMHC) (5 áit). Sa bhliain 2020, rinne 182 mac léinn iarratas ar pháirt a ghlacadh sa tástáil (232 sa bhliain 2019).

## 2.3 Scoláireachtaí

Is institiúid seanbhunaithe ardghradaim de chuid Ollscoileanna an Scoláireacht Bhunathachta, agus is gné shainiúil í de shaol na mac léinn i gColáiste na Tríonóide. Is í an dámhachtain fhochéime is mó gradaim sa tír fós an Scoláireacht i gColáiste na Tríonóide agus is dámhachtain í a bhfuil, gan amhras, naisc fhadtéarmacha idir go leor céimithe den scoth agus an Ollscoil caomhnaithe aici. Ar cheann de phríomhchuspóirí Choláiste na Tríonóide tá dul sa tóir ar an sármhaitheas: tá institiúid na Scoláireachta ar cheann de na taispeántais inláimhsithe is mó díobh seo.

Bronnadh Scoláireachtaí ar 73 mac léinn ar Luan na Tríonóide 2021 sa bhliain acadúil 2020-21.
Bhí na mic léinn a fuair na scoláireachtaí ionadaíoch ar gach dámh: Dámh na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta (31); Dámh na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na hEolaíochta (12); Dámh na nEolaíochtaí Sláinte (26); agus dámha éagsúla (4).

## 2.4 An Curaclam – Cúrsaí Nua

D'údaraigh Comhairle na hOllscoile na cúrsaí fochéime agus iarchéime agus na modúil seo a leanas in 2020-21:

| FC/IC | Teideal an Chúrsa | Cáilíocht |
|---|---|---|
| FC | Céim Dhá Choláiste sa Mhatamaitic le hOllscoil Columbia | BA (modh.) |
| IC | Fiontraíocht maidir le Cógais Chliste Leighis | MSc |
| IC | Riarachán Gnó - Snáithe Sholúbtha Feidhmiúcháin | MA |
| IC | Imdhíonteiripeacht | Teastas Iarchéime agus Diop. Iarchéime |
| IC | Iléagsúlacht agus Cuimsiú maidir le Breisoideachas agus Breisoiliúint | Teastas Iarchéime agus Diop. Iarchéime |
| IC | Teicneolaíocht Déantúsaíochta maidir le hÁbhar Cógaisíochta (ar líne) | MS |
| IC | Innealtóireacht Leictreonach Eolais agus Snáithe nua maidir le hInnealtóireacht Ríomhaireachta | Teastas Iarchéime agus Diop. Iarchéime, modhanna nua iontrála agus fágála |
| IC | Innealtóireacht Mheicniúil agus Snáithe nua maidir le Teicneolaíocht Nialasleibhéal Carbóin | Teastas Iarchéime agus Diop. Iarchéime, modhanna nua iontrála agus fágála |
| IC | An Meánoirthear i gComhthéacs Domhanda (ar líne) | MPhil, Diop. Iarchéime, Teastas Iarchéime |
| IC | Eolaíocht agus Teicneolaíocht Chandamach | MSc |
| IC | Innealtóireacht maidir le Bearta i leith na hAeráide | Diop. Iarchéime |
| IC | An Geilleagar Ciorclacht agus Teicneolaíocht Athchúrsála | Diop. Iarchéime |
| IC | Forbairt Inbhuanaithe do Ghnólachtaí | Teastas Iarchéime |
| IC | Staidreamh (ar líne) | Teastas Iarchéime |
| IC | Amharclannaíocht agus Taibhréimeanna | MPhil le Diop. Iarchéime mar rogha fágála |
| IC | Eolaíocht Fheidhmeach Sonraí Sóisialta | Diop. Iarchéime |
| IC | Deacrachtaí Domhanda maidir le Cúrsaí Inmharthanachta | MSc |
| IC | Léann na Sáraostachta agus na hAnbhainne | Diop. Iarchéime |
| IC | Litríocht Chomparáideach | MPhil |
| IC | Féiniúlachtaí agus Cultúir na hEorpa | MPhil |
| IC | Aistriú Litríochta | MPhil |
| IC | Cathracha Cliste Inbhuanaithe | MSc |
| IC | Fiontraíocht Aeráide | Teastas Iarchéime |
| IC | Nuálaíocht maidir le Cúram Sláinte (Tangent) | Teastas Iarchéime |
| IC | Fiontraíocht Bith-theicneolaíochta agus Cógaisíochta | Diop. Iarchéime |

## 2.5 Bronnadh Céimeanna, Céad Onóracha agus Boinn Óir

Bronnadh 3,003 ceím (1,400 buncheím agus 1,603 ardcheím) ag 37 searmanas éagsúil bhronnadh na gceímeanna i rith na bliana 2021. Fuair 1,028 mac léinn onóracha den chéad ghrád sna scrúduithe céime sa bhliain 2020-21 agus bronnadh Bonn Óir ar 204 ceímí acu sin.

Mar gheall ar COVID-19, níor tharla eagraíodh searmanas bhronnadh na gcéim geimhreadh na bliana 2020 ná aon chéim oinigh a bhronnadh an tráth sin. Déardaoin, an 29 Aibreán 2021, bronnadh céim oinigh ar William Duncan agus ar Martha Dow Fehsenfeld ag Searmanas Speisialta Bhronnadh na gCéim arna eagrú ar Zoom. Bhíodh William Duncan ina Ollamh le Dlí agus Dlí-eolaíocht i gColáiste na Tríonóide agus lean i mbun na gairme ina dhiaidh sin ag tarraingt dea-cháil air féin agus ag dul i gcion go mór go hidirnáisiúnta agus ag déanamh ceannródaíochta maidir le Dlí an Teaghlaigh a thabhairt chun cinn in Éirinn. Ba í Martha Dow Fehsenfeld an chéad eagarthóir ar ceithre imleabhar 'The Letters of Samuel Beckett' – obair arb é Beckett féin go pearsanta a roghnaigh í lena aghaidh agus saothar a tugadh chun críche le hImleabhar 4 a fhoilsiú sa bhliain 2016.

## 2.6 Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide

Le beagnach deich mbliana agus fiche, tá oibrithe ag Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide leis na mílte mac léinn as grúpaí socheacnamaíochta a mbeadh tearcionadaíocht i gceist lena gcuid rannpháirtíochta, agus ar a son, ag cuidiú leo, á spreagadh agus á gcothú ionas gur féidir leo a theacht in inmhe chomh mór agus atá i ngach aon duine acu.

Cuireann Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide chuig an mbeartaíocht seo le haird ar an ré scolaíochta ó thús go deireadh. Cothaítear caidreamh leis an dalta bunscoile agus coinnítear sin ar bun go ngnóthaíonn an mac léinn céim ollscoile. Cothaítear caidreamh freisin leis an bhfoghlaimeoir feadh saoil d'fhonn fónamh do bhealach isteach ag an té sin sa chóras oideachais agus tríd an gcóras oideachais. Tá líon is mó ná 3,000 mac léinn fochéime go dtí seo a tháinig isteach go Coláiste na Tríonóide trí mhodhanna iontrála na gClár agus ar chuidigh na Cláir leo i rith chéimeanna uile a gcuid oideachais. Cothaítear ceangal le líon is mó ná 10,000 dalta bunscolaíochta agus dara leibhéal gach bliain trí na cláir allamuigh atá dírithe ar ráta rannphairtíochta dhaoine as grúpaí tearcionadaíochta san oideachas tríú leibhéal a ardú.

Tugtar san áireamh faoi scáth na gclár seo, cúrsaí oideolaíochta ar an dara leibhéal, malairt modhanna iontrála sa chóras ardoideachais, cúnamh iariontrálta agus cláir maidir le slí gairme a fhorbairt do mhic léinn bunchéime. Bíonn béim láidir, chomh maith leis an méid sin, ar fhorbairt ghairmiúil na múinteoirí agus ar chláir inbhuanaithe a chur ar bun sna scoileanna ionas go dtarlaíonn tionchar níos doimhne ar chultúr na scoile agus ar rannpháirtíocht an phobail.

Cuireann an tÚdarás um Ardoideachas cistí ar fáil do Chláir Rochtana Choláiste na Tríonóide (Oifig na Mac Léinn Lánfhásta san áireamh) faoin gClár maidir le Rochtain don Oideachas Tríú Leibhéal (PATH), mar a chuireann an Roinn Oideachais agus Scileanna agus daoine nó comhlachtaí cistíochta faoi leith maidir leis na tionscnaimh seo a leanas:

- Na Naisc Fhor-Rochtana Scoile agus Pobail
- Na Cúrsaí Ullmhúcháin Réamh-Ollscoile: Bonnchúrsa d'Aosaigh óga agus Mic Léinn Lánfhásta, CTBÁC
- Na Cúrsaí Comhpháirtíochta sna Saorealaíona: TCD agus Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath (CDETB)
- Slite chun Slí Gairme sna Réimsí Gairmiúlachta (an Dlí, Gnó agus ETIM san áireamh)
- An Clár maidir le Dul chun Cinn tar éis na hIontrála
- Taighde, Measúnú agus Forbairt
- Tionscadal Rochtana 21 Choláiste na Tríonóide
- Droichead go dtí an Coláiste
- Seachtain Feasachta an Choláiste (CAW)
- Meantóireacht Pobail
- Teicneolaíocht do Scoileanna

Tháinig 481 duine isteach go Colaíste na Tríonoíde trí Chlaír Rochtana Cholaíste na Tríonoíde sa bhliain 2020-21, trí bhealaí iontrála eile trí Chláir Ullmhúcháin agus trí Oifig na Mac Léinn Lánfhásta.

Oibríonn Cláir Rochtana na Tríonóide le scoileanna DEIS ina bhfuil dul chun cinn íseal go dtí an tríú leibhéal. Oibrítear le breis agus 70 ar fud mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, 40 acu sin ar bunscoileanna agus scoileanna dara leibhéal iad a bhfuil dlúthcheangal leo agus 30 atá páirteach i dtograí de leithéid Scoileanna Sárchéimníochta nó a thagann faoi scáth chomhar páirtnéireachta le heagraíochtaí de leithéid Citywise Education. Chuir Claír Rochtana Cholaíste na Tríonoíde, i gcomhar le breis is 20 roinn sa Cholaíste, deis ar fáil do thuairim is 10,000 mac leínn, tuismitheoir agus muínteoir paírt a ghlacadh i mbearta i rith na bliana 2020-21, trí chiancheangal den chuid is mó mar gheall ar shrianta maidir le Covid-19. Áirítear orthu seo cuairteanna fíorúla ar an gcampas, cláir meantóireachta ar líne, ceardlanna ar líne, ar a n-áirítear ranganna códúcháin CodePlus do chailíní, cláir maidir le Slite chun Slí Gairme sa Dlí, i réimsí Gnó agus i réimsí Teicneolaíochta, chomh maith le scoil samhraidh shárspéisiúil ar líne. Eagraíodh freisin níos mó ná 1,100 beart caidrimh le múinteoirí le cruinnithe múinteoireachta ar líne, cúrsaí iarchéime agus cláir na gcomhaltaí múinteoireachta.

Soláthraíonn Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide raon tacaíochta iariontrála, gníomhaíochtaí agus cláir forbartha gairme chomh maith le cúnamh airgeadais do mhic léinn fochéime a chuaigh isteach i gColáiste na Tríonóide trí bhealaí iontrála malartacha.

Is cuid lárnach de Chláir Rochtana Choláiste na Tríonóide í Oifig na Mac Léinn Lánfhásta (MSO). Tacaíonn an MSO le hearcú, le comhtháthú agus le rath an chohórt mac léinn lánfhásta san Ollscoil. 172 mac léinn lánfhásta nua a tháinig isteach sa bhliain 2020-21 agus tá líon is mó ná 700 mac léinn lánfhásta ar fad cláraithe ar fud dhámha uile Choláiste na Tríonóide. Áirítear san fhigiúr seo mic léinn a chuaigh chun cinn ón mBonnchúrsa do Mhic Léinn Lánfhásta agus mic léinn lánfhásta ó choláistí ETB nasctha (Coláiste an Phiarsaigh/an Phluincéadaigh).

Tá Coláiste na Tríonóide agus Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide tugtha le fada don phobal agus tá Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide ag oibriú ón mbliain i gcomhar le trí cinn de Bhoird Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath (BOOCBÁC) ar Chúrsaí Rochtana Ollscoile. Déantar fónamh ar chúrsaí Rochtana Ollscoile i gColáiste an Phiarsaigh, i gColáiste an Phluincéadaigh agus i gColáiste na Líbeirtí, do suas le 75 dalta. Cuireann an Comhar Páirtnéireachta cúrsaí cumaisc Breisoideachais agus Oilliúna-Ardoideachais ar fáil chomh maith le slí isteach ar chúrsaí Ardoideachais trí chuidiú le scrúdú ar chéimeanna tríú leibhéal le beartaíocht shaindírithe i gColáiste na Tríonóide. Áirítear ar na bearta sin, léachtaí buneolais, deis ar úsáid na leabharlainne agus ar threoir oideachais. Ó cuireadh tús leis an gcomhar páirtnéireachta seo, tá 333 dalta a lean ar aghaidh gur tháinig isteach ina mic léinn i gColáiste na Tríonóide. I rith na bliana 2020-21, bhí leas ag mic léinn na páirtnéireachta as feachtas Teic2students Chláir Rochtana Choláiste na Tríonóide, agus bronnadh ríomhairí glúine orthu ionas go bhféadfaidís páirt a ghlacadh i bhfoghlaim ar líne chomh maith le sraith de bhearta sainchóirithe ar líne arna n-eagrú ag Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide, ina measc léachtaí, seimineáir agus ceardlanna faoi ábhair éagsúla d'fhonn treisiú le forbairt scileanna ar mhaithe le staidéar a dhéanamh ar leibhéal céime.

Tá forfheabhsú ar bheart páirtnéireachta idir Breisoideachas agus Ardoideachas ar phríomhchuspóirí na hOllscoile agus an Phlean Náisiúnta Rochtana. Tá Coláiste na Tríonóide tugtha d'ardú ar líon na n-iarrthóirí iontrála le Dámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna (QQI-FET) ar leibhéal 5 agus leibhéal 6 de chuid Cháilíocht agus Cáilíochtaí Éireann. Tá leathnú dá thoradh sin ar na slite iontrála QQI-FET reatha agus slite nua dul chun cinn á gcur ar bun ar fud Dhámha uile na hollscoile. Tá oifigeach tionscadail nua FET le meitheal Chláir Rochtana Choláiste na Tríonóide ó mhí Lúnasa 2021 i leith d'fhonn leanúint leis an misean maidir le slite iontrála níos éagsúla fairsinge isteach sa choláiste a chruthú trí straitéis earcaíochta faoi leith a chothú, bearta tionscnaimh agus bearta cúnta a chur ar fáil do dhaltaí FET.

Ó cuireadh Seachtain Feasachta an Choláiste (CAW) ar bun sa bhliain 2014, is cuid lárnach é den fhéilire oideachais. Ar feadh aon seachtain amháin de mhí na Samhna gach bliain, eagraítear imeachtaí faoi leith i scoileanna, in ollscoileanna, i gcoláistí breisoideachais, i leabharlanna agus eile d'fhonn freastal coláistí a chur chun cinn mar chuid de chultúr an phobail. Cé go bhfuil ardú le sonrú le blianta beaga anuas ar líon na ndaltaí a leanann ar aghaidh go dtí cúrsaí breisoideachais agus ardoideachais in Éirinn, tá comharsanachtaí inar lú

ná 10% de na daltaí a leanann ar aghaidh go dtí an coláiste (An tÚdarás um Ardoideachas, 2015). Tá de chuspóir leis an tSeachtain CAW an bhearna sin a líonadh trí ábhar spreagtha agus eolais a chur ar fáil do mhic léinn faoin tábhacht atá le plean oideachais tar éis scolaíocht dara leibhéal. Áitítear gur chóir a bheith de rogha ag an dalta an cúrsa is fearr a oireann dá réimsí spéise agus cumais agus is fearr a thagann le pleananna saoil a leanúint, cibé an cáilíocht iar-ardteistiméireachta sin, printíseacht nó céim ollscoile.

Bhain trí cinn de phríomhghnéithe le feachtas cumaisc CAW sa bhliain 2020: Ceangal leis an gColáiste, Ceangal le Slí Gairme, agus #CAWConnections. Bhí níos mó ná 130,000 duine páirteach i Seachtain CAW 2020. Eagraíodh imeachtaí i 296 foras oideachais i 27 contae ar fud na hÉireann, ardú 63% i gcomparáid leis an mbliain 2019. Bhí 47% de na scoileanna dara leibhéal DEIS in Éirinn páirteach sa tseachtain CAW 2020.

Ba bhliain faoi leith ag an uile dhuine an bhliain 2020 agus fágadh gur mhó an riachtanas a bhí ag na mic léinn a gcuidítear leo. I mí Aibreán 2020, sheol Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide, i gcomhar le Kinia (Camara Ireland roimhe seo) agus Bord Soláthair an Leictreachais, an feachtas Tech2Students d'fhonn an t-easnamh digiteach i ndáil le daoine óga in Éirinn a thabhairt isteach. D'fhág an t-athrú tobann ag scoileanna ó theagasc ar aon láthair go teagasc ar líne cuid mhór daoine óga i ngátar maidir le deiseanna digiteacha, ní a ghéaraigh ar an míbhuntáiste a bhíonn le sárú cheana féin ag daltaí faoi mhíbhuntáiste.

Leis an bhfeachtas Tech2Students, éilíodh ar an bpobal agus ar ghnólachtaí ríomhairí glúine nó cúnamh airgid a dheonú ionas go bhféadfaí gléasanna athchóirithe a cheannach agus a dháileadh ar dhaltaí a bhí ina gcall. Ón tráth a fógraíodh an t-éileamh ar dtús, rinne eagraíochtaí agus daoine beart dá réir. Mar gheall ar fhéile agus ar fhlaithiúlacht na ndaoine agus na gcomhlachtaí sin, bhí ar chumas Tech2Students rath a dhéanamh do na mílte dalta ar fud na hÉireann.

Tá an mol athchóiriúcháin a bhí i mBaile Átha Cliath ag Tech2Students dúnta faoin tráth seo ach níl deireadh leis an mbeartaíocht go fóill. Ba léir i rith phaindéim Covid-19 nach aon áibhéil an bhearna easnaimh maidir le gléasra digiteach agus gur mór an deacracht atá ann ag daltaí dara leibhéal, le 50-70% de na daltaí i scoileanna DEIS ar an ngannchuid maidir le teacht ar cheangal leathanbhanda nó ar ghléas oiriúnach dá gcuid foghlama. Leantar leis an tionscadal Give Tech to Schools ag Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide de bheart a dhéanamh i ndáil leis an ngátar i measc daltaí scoile dara leibhéal.

## 2.7 Gradaim Theagaisc an Phropaist

Is iad Gradaim Theagaisc an Phropaist príomh-mhodh na hOllscoile chun aitheantas a thabhairt do chomhaltaí foirne acadúla a rinne obair ar leith ar son barr feabhais a bhaint amach i dteagasc sa Choláiste agus a chuireann an teagasc chun cinn mar ghníomhaíocht scolártha.

Is iad na daoine ar bronnadh gradam orthu i rith na bliana 2021 an tOllamh Stephen Barrett, Scoil Eolaíocht na Ríomhaireachta agus an Staidrimh, an tOllamh Annemarie Bennett, Scoil an Leighis, an tOllamh Eric Downer, Scoil an Leighis, an tOllamh Órla Gilheaney, Scoil na nEolaíochtaí Teangeolaíochta, Urlabhra agus Cumarsáide, an tOllamh Justin King, Scoil na hInnealtóireachta agus an tOllamh Cormac McGuinness, Scoil na Fisice.

Bhí seachtar den lucht foirne a ainmníodh do Ghradaim Phropast Choláiste an Tríonóide maidir le Sárfheabhas Teagaisc Choláiste a cuireadh ar ghearrliosta: an tOllamh Peter Harrison, Scoil Eolaíocht na Fiaclóireachta, an tOllamh Ronan Lyons, Scoil na nEolaíochtaí Sóisialta agus na Fealsúnachta, an tOllamh Graeme Murdock, Scoil an Staire agus na nDaonnachtaí, an tOllamh Cian O'Callaghan, Scoil na nEolaíochtaí Nádúrtha, an tOllamh Daniela Tropea, Scoil an Leighis, an tOllamh Paul Claffey, Scoil an Leighis, agus an tOllamh Joseph Roche, Scoil an Oideachais.

Bronntar na gradaim seo mar gheall ar an dúthracht agus an díograis i leith an teagaisc agus na foghlama, nuálaíocht maidir le timpeallacht a chruthú trína gcothaítear gach mac léinn ina gcuid foghlama agus trína dtugtar a ndúshlán, agus cur le dea-chlú an Choláiste maidir le caighdeán an teagaisc. Tugtar aitheantas don uile dhuine de lucht na ngradam as ucht a gcuid dúthrachta agus a gcuid díograise maidir le feabhas an teagaisc agus na foghlama.

## 2.8 Oideachas Ar Líne

Lean Coláiste na Trionóide lena thiomantas don oideachas ar líne in 2020-21. Ó áit ar bith ar fud an domhain, d’fhéadfadh mic léinn rochtain a fháil ar réimse d’ábhair chúrsa atá forbartha ag Coláiste na Tríonóide.

Mar chuid de spriocanna straitéiseacha na hOllscoile maidir le hoideachas ar líne, tá cúrsaí iarchéime go hiomlán ar líne ar fáil ó 2014 i leith. Rinneadh go leor cúrsaí a bhí ann cheana a nuashonrú in 2020/21 chun ábhar foghlama a choinneáil reatha agus de réir an dea-chleachtais.

Rith Coláiste na Tríonóide dioplóma ar líne i dTeiripe Radaíochta sa bhliain 2020-21 chomh maith le dioplóma ar líne i nGnás Clinice arna gcur ar fáil in éineacht le modúil teastais ar líne Scoil an Leighis. Cuireadh tús i rith na bliana le cúrsa ar líne maidir le Forbairt Leanúnach Gairme i ndáil le Foréigean Baile, arna fhorbairt trí Scoil na hOibre Sóisialta agus an Pholasaí Shóisialta. Chuir an tSeirbhís Comhairle Gairme modúl cumaisc le chéile maidir le Slite Gairme agus Fostaíocht do mhic léinn PhD agus leagadh amach modúl nua ar líne freisin do mhic léinn PhD Choláiste na Tríonóide maidir le Macántacht agus Eitic Taighde i Ré na Scoláireachta Oscailte.

I ndáil leis an gcuspóir a leagtar ar Thionscadal Oideachais na Tríonoíde (TEP) leasú a thabhairt i gcrích maidir leis an oideachas bunchéime san Ollscoil, lean Seirbhísí Ar Líne Choláiste na Tríonóide den obair ag fónamh do mhodúil roghnacha éagsúla de chuid TEP trí bhearta foghlama digiteacha, físeáin agus acmhainní idirghníomhaíochta ilmheáin a chur ar fáil do Scoileanna éagsúla ar fud na hOllscoile.

Leanann Coláiste na Tríonóide de bheith ag tacú le pobail foghlama domhanda trí chúrsaí ardchaighdeáin rochtana oscailte (MOOCanna) a sholáthar i gcomhpháirtíocht le FutureLearn. Chláraigh níos mó ná 20,000 foghlaimeoir i rith na bliana 2020-21 le ceann de Mhórchúrsaí Ar Líne (MOOC) Choláiste na Tríonóide a dhéanamh. Ar na hábhair is mó a tharraing daoine bhí Leabhar Cheannanais, An Saol roimh an mBreith, Oideas Aclaíochta agus Stair an Leabhair.

## 2.9 Comhaontuithe Idirnáisiúnta

I rith bhliain acadúil 2020-21, bhí comhar páirtnéireachta á thabhairt chun cinn le forais éagsúla fiú agus cur isteach mór ar chúrsaí gluaisteachta ar fud an domhain mar gheall ar phaindéim COVID-19. Áirítear ar na comhaontuithe nua maidir le malartú mac léinn a síníodh i rith na bliana, cláir uilecholáiste le hOllscoil Mahidol (an Téalainn); Ollscoil Pharos (an Éigipt); agus an University of Technology Sydney (an Astráil). Bhí plé ar siúl maidir le comhaontuithe eile i rith na bliana 2020-21 le hollscoileanna éagsúla eile ar fud an domhain, forais léinn ina measc san Éigipt, i Hong Cong, san Afraic Theas, in Aontas na nEimíríochtaí Arabacha, i gCeanada, sa tSile, san Iordáin, sna Stáit Aontaithe agus sa Nua-Shéalainn.

Tá Coláiste na Tríonóide páirteach i gcónaí in CHARM-EU (Challenge driven, Accessible, Research based, Mobile European University) arb é atá de théama leis An Duine agus an Pláinéad a Thabhairt lena Chéile. Ollscoil Barcelona, Ollscoil Utrecht, Ollscoil Eötvös Loránd i mBúdaipeist, agus Ollscoil Montpellier na páirtnéirí.

Tugadh Clár Sparánachtaí maidir le Gluaisteacht ar fud an Domhain isteach faoin Straitéis Caidrimh Dhomhanda is deireanaí (GRS3) mar bheart cúnta breise do mhic léinn a thugann faoi ghluaisteacht ar fud an domhain. I rith na bliana 2020-21, mar gheall ar líon íseal na mac léinn a thug faoi thréimhse idirnáisiúnta, bhí an Oifig Caidrimh Dhomhanda i riocht cúnamh airgid a thabhairt do na mic léinn ar fad a thug faoi mhalartú idirnáisiúnta faoi chlár na Sparánaíochtaí Gluaisteachta Domhanda. Cuidíodh ar an gcaoi sin le mic léinn costas níos airde ná mar ba ghnáth maidir le háracha taistil a thabhairt isteach, chomh maith le costas de chineálacha eile. Sna blianta seo amach romhainn, beidh próiseas iomaíochta i gceist leis seo agus iarratais á meas ag Coiste roghnúcháin a shocróidh gach bliain ar na hiarrthóirí a dtugtar Sparánacht Gluaisteachta Dhomhanda dóibh.

## 3. Eispéireas na Mac Léinn

Leathnaíonn 'Taithí Choláiste na Tríonóide' thar an curaclam amach agus cuimsíonn sé cúlra saibhir de chlubanna agus de chumainn mac léinn a ullmhaíonn mic léinn do shaol ceannaireachta agus rannpháirtíochta poiblí. Cuireann seirbhís oidí na mac léinn leis an éiteas pearsanta.

### 3.1 Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn

Tá an tiomantas d'fhorbairt intleachtúil agus phearsanta a mic léinn go léir ag croílár ghníomhaíochtaí uile na hOllscoile. Cuireann na seirbhísí tacaíochta réimse leathan seirbhísí riaracháin agus tacaíochta ar fáil chun eispéireas na mac léinn a fheabhsú lena n-áirítear Cóiríocht, Clár Acadúil, Forbairt Foghlama Mac Léinn, Seirbhís Comhairleoireachta Teagaisc, Ionad Sláinte an Choláiste, Seirbhísí Comhairleoireachta, Oifig Míchumais, an tSéiplíneacht, Seirbhís Comhairleach Ghairme, Naíolann Lae, Aistriú chuig Coláiste na Tríonóide agus Spórt Choláiste na Tríonóide. Cinntíonn na seirbhísí seo go bhfreastalaítear ar leas na mac léinn, agus a bhforbairt shóisialta, chultúir agus mhothúchánach ar bhealach cothromaithe agus iomlánaíoch.

### 3.2 Gnóthachtálacha na Mac Léinn

I rith na bliana acadúla 2020-21, d'éirigh go maith le mic léinn agus le cumainn do mhic léinn in go leor réimsí.
I measc na n-éachtaí suntasacha agus na gcomórtha i mbliana tá:

Rinne deich gcinn de mheithle fiontraithe mhic léinn de chuid Choláiste na Tríonóide cur i láthair maidir le pleananna a gcuid cuideachtaí ag an gcéad Lá Taispeántais ar líne riamh de chuid LaunchBox i mí Meán Fómhair 2020. D'fhéach siad le cúnamh a fháil ó aingil infheistíochta agus ó fhiontraithe caipitil luathchéime a chuideodh le fiontar nuathionscanta a thabhairt céim chun cinn. Bhí forbairt ar bhearta nuála in earnálacha éagsúla i gceist agus cé go raibh gnéithe digiteacha maidir le cúrsaí sláinte, ceol agus teicneolaíocht maidir le réimse an dlí san áireamh, bhí cúrsaí inmharthanachta go mór chun tosaigh ar théamaí eile agus chuir na fiontraithe óga pleananna gnó i láthair maidir le pacáistíocht atá éadrom ó thaobh na timpeallachta, athchúrsáil agus taisteal inbhuanaithe.

Taispeánadh scannán faisnéise, 'Is There Anybody Out There? Young Voices From Inside a Pandemic', a rinne mic léinn de chuid Choláiste na Tríonóide, den chéad uair ag Féile Scannánaíochta Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath Virgin Media i mí Márta 2021.

Bronnadh gradam €500 Mary Mulvihill le sármholadh ó na moltóirí i mbliana ar Matthew Thomas, céimí B.A. sa Mhíochaine Mhóilíneach (Meitheamh 2021), as ucht aiste dar teideal 'Compromised: Lessons learned from the AIDS epidemic'. 'Víoras' an téama a bhí le Gradam Mary Mulvihill 2021.

Meitheal mac léinn le smaoineamh nua maidir le fiontar sóisialta le meon inbhuanaíochta a rug leo an chraobh maidir le Dúshlán Nuálaíochta an Phropaist 2020. Chuir an mheitheal – ReFunk – ardán ar bun trínar féidir leis an lucht úsáide nithe agus ábhar nach mian leo a choinneáil a liostú ionas gur féidir le duine eile a theacht, ábhar a bhailiú agus sárchúrsáil a dhéanamh air. Déanann an sárchúrsálaí an táirge a chur ar díol ar an ardán ina dhiaidh sin agus tugtar céatadán den bhrabús don té a chuir an bunábhar ar fáil ar dtús.

I mí Feabhra 2021, thosaigh Paddy Ryder agus Rob Muldowney, céimithe de chuid Scoil Gnó Choláiste na Tríonóide, ag cothú ceangail idir mic léinn a raibh deacracht acu socrúcháin intéirneachta a aimsiú le gnólachtaí a raibh míthionchar orthu ag paindéim Covid-19, ar ardán nuabhunaithe dá gcuid, Covid Interns.

Iarmhic léinn de chuid Choláiste na Tríonóide atá i gceannas ar FloWaste, comhlacht nuathionscanta le meon inbhuanaíochta maidir le hanailís ar chúrsaí bia a ghnóthaigh infheistíocht $270,000 leis an gcuideachta a thabhairt céim eile chun cinn. Baineann an chuideachta leas as teicneolaíocht dhílsithe maidir le sonrú íomhánna trína gcuirtear ar chumas chaiféanna, bhialanna mearbhia agus mearsheirbhíse cur amú bia a mhaolú.

**Cumainn**
Bhí de rath ar Choiste Lárnach na gCumann go raibh dream iontach mac léinn ar fáil i rith phaindéim COVID-19 a lean den obair chun bealaí a aimsiú ina bhféadfadh na cumainn feidhmiú ar líne, ar mhodhanna cumaisc agus ar aon láthair i gcásanna áirithe nuair a bhí sin indéanta. Le 'Mol na gCumann' ar líne, chomh maith le cuntais Zoom, spreagadh na cumainn go ndearnadh oiread nuálaíochta agus ab fhéidir ó thaobh leanúint á rith ar bhonn ciancheangail, agus d'éirigh go hiontach leo. Faoin mbliain 2021, bhí 11,000 mac léinn a cheangail le cumainn trí Mhol na gCumann.

Chuir coistí na gcumann agus na mic léinn imeachtaí spreagúla ar bun ar bhain cuid mhór nuálaíochta leo agus shocraigh Coiste Lárnach na gCumann ceiliúradh a dhéanamh ar an mbeartaíocht sin ar bhealach chomh fiúntach agus ab fhéidir. Bhí David O'Doherty, Céimí de chuid an Choláiste, ina Fhear an Tí ar shearmanas ar líne Ghradaim na gCumann agus is iontach mar a chruthaigh sé.

Luaitear anseo síos roinnt bheag buaicphointí as an iliomad imeachtaí a d'eagraigh Cumainn Choláiste na Tríonóide. Is léiriú iad ar an mianach agus ar an gcruthaitheacht a bhí sna mic léinn i rith na srianta a bhain le paindéim COVID-19:

**Cumann Amharclannaíocht Ceoil Choláiste na Tríonóide**
*Into the Woods – a Virtual Production:* Chuaigh daoine den chliar amach ina gcuid gairdíní nó i gcoill i bhfoisceacht 5km den bhaile agus rinne siad scannánaíocht orthu féin i mbun taibhréime faoin aer sular sheol siad an lón scannánaíochta chuig na léiritheoirí agus na heagarthóirí. Tháinig saothar iontach amharclannaíochta dá thoradh sin uilig lenar léiríodh cumas lucht an cumainn deacrachtaí nua a shárú agus dul in oiriúint don chruachás le teann nuálaíochta.

**An Cumann Staire**
*Trinity's Hidden History:* Turas fíorúil ar champas an Choláiste a bhí i gceist leis seo. Chaith an coiste coicís le taighde ar réimsí éagsúla de champas Choláiste na Tríonóide atá spéisiúil ó thaobh na staire ach nach mbeadh eolas chomh forleathan sin ag pobal na mac léinn i gcoitinne ar an ábhar spéise sin. Leagadh amach an turas timpeall réimsí éagsúla sin an champais le daoine den choiste ina dtreoraithe agus daoine eile i bpáirt phearsa stairiúil atá ceangailte leis an bhfoirgneamh – bhí sin ar fad á chur i láthair ar Zoom do bhaill an chumainn.

**Lucht Cluichíochta**
*Convergence:* Feachtas ocht seachtaine den chluiche Dungeons and Dragons (D&D) ar bhoird éagsúla do bhaill an chumainn DU Gamers a bhí anseo a eagraíodh i rith fhómhar na bliana 2020. Seo DU Gamers i mbarr a réime, deis ar chluiche rólimeartha (RPG) á chur ar fáil do bhaill sheanbhunaithe chomh maith le buntuiscint ar an gcomhar scéalaíochta agus ar chumann DU Gamers a chur ar fáil do dhaoine nach raibh cleachtadh acu ar an gcaitheamh aimsire go dtí sin.

Cumainn na Cóiré, na Seapáine, na Síne, na nArabach, Iardheisceart na hÁise: Seachtain na hÁise
D'eagraigh an grúpa seo na cumainn éagsúla in éineacht d'fhonn gach cultúr faoi leith a chur i láthair ar líne, le scannáin i rith Oíche Aonach Scannánaíochta Cultúir, comórtas Ealaíne na hÁise, Oideas an Lae do Bhia na hÁise, Oíche Cluichíochta na gCultúr, agus gluaiseacht ar feadh seachtaine i ndeireadh báire chun aird agus tuiscint a chothú ar an mborradh faoi chiníochas in aghaidh mhuintir na hÁise.

**An Cumann Grianghrafadóireachta: Virtual Exhibitions**
D'eagraigh Cumann Grianghrafadóireachta Ollscoil Bhaile Átha Cliath trí cinn de thaispeántais 3D i rith na bliana faoi na teidil 'Home', 'Arrivals & Departures' agus 'Bare'. Foilsíodh na taispeántais ar Kunstmatrix Art Space, rud a d'fhág gurbh fhéidir na híomhánna a léiriú i spás fíorúil dánlainne tríthoiseach. Tugadh príomhchuspóirí an chumainn i gcrích leis na taispeántais fhíorúla seo - ardán a chur ar fáil do na baill inar féidir leo a gcuid grianghrafadóireachta a chur ar taispeáint, chomh maith le bealach chun caidreamh a chothú le daoine eile.

**Spórt**
Rinne Coláiste na Tríonóide comóradh ar 100 bliain d'imeachtaí eagraithe spóirt sa choláiste. Bíonn oiread béime ar an rannpháirtíocht agus a bhíonn ar an toradh. Is gné bhuntábhachtach de shaol an champais an réimse iléagsúil spóirt atá ar fáil ag an mac léinn i gColáiste na Tríonóide agus cuid lárnach de shaol an mhic léinn. Chomh maith leis an mbuntáiste shoiléir maidir le cúrsaí sláinte agus le dea-bhail an duine, cothaítear scileanna ceannasaíochta agus eagrúcháin le beartaíocht spóirt agus tugtar deis do mhic léinn cairdeas a chothú agus lucht aitheantais a chruthú. Bhí mic léinn na bliana seo ar an dream is fairsinge riamh a bhain leas as na seirbhísí, le 74% páirteach i gclubanna spóirt (ardú 1% i gcomórtas leis an mbliain roimhe seo).

B'uafásach an cur isteach a bhí ag dúnadh áiseanna spóirt Choláiste na Tríonóide mar gheall ar phaindéim Covid-19 a chúrsaí oibriúcháin, ar chúrsaí cumarsáide, ar imeachtaí, agus ar chúrsaí gnó chomh maith le cúrsaí spóirt. 23,502 cuairt a tugadh ar an amharclann aclaíochta, ísliú 77% ón mbliain seo caite. 5,921 uair nó mar sin a cuireadh cárta le gléas geata ag an linn snámha, ísliú 87.5% i gcomórtas le anuraidh. Bhí an tIonad Spóirt níos mó ná 6 mhí dúnta, bhí teorainn leis na huaireanta oscailte ag tráthanna eile agus córas áirithinte lenar bhain srianta eile. Bhí sin uilig i gceist leis an ísliú úsáide i gcomparáid leis an mbliain seo caite. 45,000 uair a baineadh úsáid as an Ionad Spóirt idir mí Deireadh Fómhair 2020 agus mí Meán Fómhair 2021, figiúr lena dtugtar san áireamh 4,000 uair (measta) maidir le háirithint d'úsáid faoi dhíon ag daoine nach ball. Tharla dúnadh mar gheall ar phaindéim Covid-19 i rith dhá thréimhse faoi leith:

- 23 Deireadh Fómhair 2020 – 7 Nollaig 2020
- 1 Eanáir 2021 – 7 Meitheamh 2021

Is furasta a fheiceáil go raibh cur isteach ag na tréimhsí sin ar an leibhéal úsáide agus gur tharla ísliú 78% i gcomparáid leis an úsáid an bhliain roimhe sin dá dtoradh.

Bronnadh cúig scoláireacht déag spóirt agus fiche maidir le dhá cheann déag de spóirteanna i rith na bliana 2020-21. Áirítear ar lucht na scoláireachtaí Kathryn Dane agus Ryan Baird Imreoirí Sinsearacha Rugbaí le hÉirinn, John Tanguay, Lúthchleasaí Rámhaíochta ag Cluichí Parailimpeacha Thóiceó (SAM) Maebh Deely agus Deirbhile Nic a Bhaird, imreoirí Rugbaí Seachtar an Taobh le hÉirinn, Rebecca Stokell, Rachel Delaney agus Leah Paul, Imreoirí Sinsearacha Cruicéid le hÉirinn, Edel Thornton, Imreoir Sinsearach Cispheile le hÉirinn. Bronnadh scoláireacht Trever West ar Thomas Stevens (Iomramh), Caron Ryan (Lúthchleasaíocht) agus Conall Hayes (Lúthchleasaíocht) as ucht a gcuid éachtaíochta ina n-ambasadóirí agus ina laochra maidir le spórt na mac léinn i gColáiste na Tríonóide.

Bhí líon suntasach de scoláirí spóirt Choláiste na Tríonóide a roghnaíodh le hionadaíocht a dhéanamh ar son na hÉireann in aoisghrúpaí éagsúla, 12 lúthchleasaí ina measc a rinne ionadaíocht ar leibhéal sinsearach idirnáisiúnta. Bhí éachtaí eile a rinne scoláirí spóirt i rith na bliana, ina measc:

- John Tanguay a bhuaigh Bonn Airgid ag na Cluichí Parailimpeacha i dTóiceó ar fhoireann rámhaíochta na Stát Aontaithe i mbád do cheathrar measctha le liagóir
- Ryan Baird a d'imir d'fhoireann sinsir idirnáisiúnta rugbaí na hÉireann den chéad uair
- Kate Doherty a bhuaigh bonn airgid ar dhuine d'fhoireann 4 x 200m na hÉireann ag Craobhchomórtas Rásaí Sealadaíochta Lúthchleasaíochta an Domhain
- Edel Thornton a bhí ar duine den bheirt chomhchaptaein ar fhoireann Sinsir Cispheile na hÉireann sa chluiche ceannais i gCraobh FIBA do Thíortha Beaga na hEorpa
- Clíodhna Ní Shé a bhuaigh an Bhróg Órga i gCraobhchomórtas na mBan sa Pheil Ghaelach

Eagraíodh Searmanas Gradam na Scoláireachtaí Spóirt ar bhonn ciancheangail ar an 12 Samhain. Mar chuid den ócáid sin, eagraíodh plé painéil le Ed Joyce, Rebecca Stokell agus Ryan Baird faoin téama 'The emergence of sport from Covid-19'.

Leathnaíodh freisin le clár na Scoláireachtaí Spóirt Domhanda Iarchéime agus tá scoláireachtaí ar fáil anois do mhic léinn cumasacha ón iasacht ar mian leo staidéar a dhéanamh ar leibhéal iarchéime sa Scoil Gnó nó in E3.

Fógraíodh freisin comhaontú nua páirtnéireachta i mbliana i gcomhar le Scoil Gnó Choláiste na Tríonóide agus Cumann Imreoirí Gael. Beidh scoláireacht lánmhaoinithe ar fáil maidir le céim MBA sa bhliain 2021-22 agus tarlóidh ina dhiaidh sin clár scoláireachta a sheoladh maidir le céimeanna máistreachta i Scoil Gnó Choláiste na Tríonóide dóibh siúd a thosaíonn ar chúrsa sa bhliain 2022-23.

I mí Meitheamh 2021, fógraíodh gurb é Coláiste na Tríonóide Ionad Sárfheabhais Chumann Cispheile na hÉireann. Fónfaidh an comhar nua páirtnéireachta seo le Cumann Cispheile na hÉireann d'fhorás agus d'fhorbairt leanúnach ar an gcispheil sa Choláiste. Beidh tairbhe faoi leith as maidir le lúthchleasaithe cumasacha i measc na mac léinn a fhorbairt ó tharla go mbeidh conair shoiléir ar fáil maidir le teacht in inmhe go hiomlán i mbun an spóirt i gColáiste na Tríonóide.

Bronnadh cistí €391,675 faoi chlár Erasmus+ Sport 2020 an Choimisiúin Eorpaigh ar thionscadal faoi cheannas Spórt na Tríonóide dar teideal 'Meabhair, Colainn, Borradh'. Faoin gcatagóir maidir le bearta páirtnéireachta i gcomhar a thagann an chistíocht sin. Spórt na Tríonóide atá i mbun comhordú ceannródaíochta ar an togra i gcomhar le seacht bpáirtnéir eile san Eoraip. Cuirfear an clár i gcrích in imeacht trí bliana. Tá de chuspóir le 'Meabhair, Colainn, Borradh' cuimsiú agus comhionannas a chothú trí chúrsaí spóirt trí thimpeallacht shábháilte sláinte agus aclaíochta a chruthú do mhic léinn tríú leibhéal a bhfuil cúnamh de dhíth orthu maidir leis an tsláinte colainne agus meabhrach.

# 4. Gníomhaíochtaí Taighde

## 4.1 Maoiniú Taighde

Tharla ardú €6m (6%) i gcomparáid leis an mbliain roimhe seo (arna mheas de réir an chaiteachais) ar an mbeartaíocht taighde dar luach €105m. B'ionann luach na ndámhachtainí nua a gnóthaíodh i rith na bliana agus €151m (2018-2019: €119m). Tugtar san áireamh leis an bhfigiúr sin cistí don dara céim ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann maidir le dhá Ionad Taighde agus €4.9m maidir le Clár Páirtnéireachta Straitéiseach ionas gur féidir oibriú i gcomhar le geallsealbhóirí príomhthábhachta d'fhonn dea-thoradh eacnamaíochta agus sóisialta a thabhairt i gcrích in Éirinn. Sa bhliain 2020-21, b'ionann an cóimheas ioncaim taighde Státchiste:neamh-Státchiste agus 64:36 (2019-20: 56:44).

Lean an rath atá ar Choláiste na Tríonóide maoiniú AE a mhealladh in 2020-21 agus b'ionann luach na ngradam nua a maoiníodh faoin gClár Horizon 2020 agus €25m (2019-20: €29m). Tá Coláiste na Tríonóide le háireamh ar an 52ú foras san Eoraip, as beagnach 33,000 foras i 158 dlínse agus tír, ó thaobh ranníocaíochtaí Fís 2020 an AE ar fud iomlán na n-eagraíochtaí, agus le háireamh ar an 37ú Foras Ardoideachais de chuid na hEorpa ar liostaí an domhain. Tá, chomh maith, 43% de na dámhachtainí uile ón gComhairle Eorpach um Thaighde ón mbliain 2014 i leith maidir le taighde in Éirinn gnóthaithe ag lucht taighde Choláiste na Tríonóide. Cé go bhfuil iomaíocht go fóill i dtimpeallacht an taighde agus cé go bhfuil Coláiste na Tríonóide in áit mhaith i dtéarmaí maoiniú ón AE a bhaint amach, an rangú atá againn san Eoraip agus muid féin a shuí ag an am céanna do Horizon Europe an dúshlán is mó a bheidh romhainn sa todhchaí. (Leanfaidh Fís Eorpach, i gcomhréir le Creat Airgeadais Ilbhliantúil an AE, i rith na mblianta 2021-2027).

Bíonn deacracht á chruthú i gcónaí maidir le bearta tacaíochta na hOllscoile i ndáil le cúrsaí taighde ag ráta na gcostas indíreach (22%) i gcomparáid le ráta 59% maidir leis an gCostas Iomlán Eacnamaíochta agus is easnamh cistíochta sin a thagann i gceist bliain i ndiaidh bliana agus ní mór beart a dhéanamh ina leith.

Bhí níos mó ná 1,806 cuntas taighde i bhfeidhm i rith na bliana 2020-21 faoi stiúir 579 Príomhimscrúdaitheoir. Chuir beartaíocht taighde bonn fónta faoi c.2,590 duine i rith na bliana 2020-21 (1,800 ball foirne agus 790 mac léinn PhD).

| Foinse an Chiste Taighde | An bhliain dár chríoch an 30 Meán Fómhair 2021 |
|---|---|
| Fondúireacht Eolaíochta Éireann | 29% |
| Coimisiún an Aontais Eorpaigh (AE) | 18% |
| An Chomhairle um Thaighde in Éirinn | 8% |
| Fiontar Éireann | 8% |
| Eile (Neamh-Státchiste) | 8% |
| An tÚdarás um Ardoideachas | 7% |
| An Bord Taighde Sláinte | 6% |
| Earnáil na Tionsclaíochta | 6% |
| Rialtas na hÉireann / Gníomhaireacht Stáit | 5% |
| Carthanais | 5% |

## 4.2 Rathúlacht Scoláireachta agus Ghradaim

Lean comhaltaí foirne Choláiste na Tríonóide orthu ag baint amach barr feabhais ina ngnóthachtálacha taighde agus bhain siad amach gradaim agus maoiniú náisiúnta agus idirnáisiúnta. I measc na ndámhachtainí a fuair taighdeoirí Choláiste na Tríonóide bhí:

Ghnóthaigh an tOllamh Jennifer McElwain, an tOllamh Séamus Martin agus an tOllamh Daniel Kelly Deontais Ardleibhéil ón gComhairle Eorpach um Thaighde agus tá siad ag tabhairt faoi thionscadail taighde maidir leis an luibheolaíocht, imdhíoneolaíocht agus athlasadh agus bithinnealtóireacht. Fágann na deontais sin líon iomlán na nDeontas d'Imscrúdaitheoirí a bhronn an Chomhairle Eorpach um Thaighde faoin gclár cistíochta Horizon 2020 ar lucht taighde Choláiste na Tríonóide cothrom le 44 agus luach iomlán na ndeontas sin cothrom le €83 milliún.

Fuair meitheal ildisciplíneach maoiniú €10.4 milliún do thionscadal dar teideal 4-OCEANS chun an tábhacht atá le saol na mara don duine le dhá mhíle bliain anuas a mheas. Tá sin á mhaoiniú le Deontas Sinéirge ón gComhairle Eorpach um Thaighde (an chéad deontas dá shórt ag taighdeoirí in Éirinn). Is iad atá ar mheitheal 4-OCEANS as Coláiste na Tríonóide an tOllamh Poul Holm, Stair na Timpeallachta agus an tOllamh Francis Ludlow, Stair na Timpeallachta.

An tOllamh Bruce Misstear, Léachtóir Taca i Scoil na hInnealtóireachta agus comhalta emeritus, a ghnóthaigh Gradam 2020 an Uachtaráin ó Chumann Idirnáisiúnta na Hidrigeolaithe (IAH). Is gradam iomráiteach seo i réimse na hidrigeolaíochta maidir le tionchar ar an tsochaí agus ar an timpeallacht. Áirítear ar na bearta taighde atá ar bun aige scrúdú ar shreabhadh thruailleáin éagsúla talmhaíochta agus an tionchar a bhíonn ag córais fuíolluisce tithe cónaithe ar thoibreacha príobháideacha.

Bronnadh deontas de chuid an National Institute of Health (NIH) sna Stáit Aontaithe, a mbíonn iomaíocht ghéar lena aghaidh, ar lucht taighde TILDA i mí Meán Fómhair d'fhonn iniúchadh a dhéanamh ar na slata tomhais maidir le sláinte colainne agus sláinte meabhrach agus duine ag dul in aois. Tá Coláiste na Tríonóide ag obair i gcomhar leis an University of Michigan, an University of Southern California, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste agus University College London ar an togra mórthábhachta seo.

I mí Meán Fómhair, ghnóthaigh an Dr Nicola Mastrorocco, Ollamh Cúnta le hEacnamaíocht Gradam Eacnamaí Óg 2020 Chumann Eacnamaíochta na hEorpa (EEA). Tá scrúdú á dhéanamh aici ar ghnáis iompraíochta na bpóilíní sna Stáit Aontaithe.

Bronnadh Deontas Tionscanta dar luach €3 milliún ón gComhairle Eorpach um Thaighde ar an Ollamh Cúnta Claire Gillan agus ar an Dr Alessandro Lunghi i mí Meán Fómhair 2020 agus chuir Mohamed Ahmed, Ollamh Comhlach Al Maktoum, tús le gairid le tionscadal i gColáiste na Tríonóide ar leanadh lena mhaoiniú ón mbabhta roimhe seo.

I mí Deireadh Fómhair 2020, bhronn an tÚdarás um Ardoideachas cistí €21 milliún ar Choláiste na Tríonóide i dtaca leis an tionscnamh nuálaíochta teagaisc bunaithe ar scileanna i rith na tréimhse cúig bhliana atá romhainn 'Teagasc agus Foghlaim don Chéad Ghlúin eile i ndáil le riachtanais na sochaí agus na fiontraíochta'. Is é seo an leithroinnt is mó a rinneadh ar fud na hearnála maidir leis an gclár cistíochta seo. Tá béim le togra Choláiste na Tríonóide ar an nuáil maidir le modhanna cur i láthair agus le lón ábhair agus béim faoi leith freisin ar riachtanais lucht tionsclaíochta agus scileanna a shásamh.

Ghnóthaigh an tOllamh Kingston Mills, an Dr Matthew Campbell agus an tOllamh Luke O'Neill Gradam Thaighdeoir na Bliana, Gradam Thaighdeoir Thús Ré Gairme na Bliana agus an Gradam maidir le Cion Tairbhe faoi Leith i ndáil le Cumarsáid ETIM ag Gradaim Fhondúireacht Eolaíochta Éireann 2020 i mí na Samhna 2020.

Ghnóthaigh ceathrar de lucht taighde Choláiste na Tríonóide Comhaltaí Seirbhíse Poiblí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann i mí na Samhna. Is iad an ceathrar, an Dr Claire McKenna, AMBER agus Institiúid CRANN; an Dr Boris Galkin, CONNECT; an tOllamh David Lewis, Scoil Eolaíocht Ríomhaireachta agus Staidrimh; agus an Dr Cormac Ó Coileáin, Scoil na Ceimice agus CRANN. Leis na comhaltachtaí seo, cothófar an nuálaíocht san earnáil phoiblí trí threisiú le modhanna oibre atá dírithe ar shonraí agus ar bhonn fianaise a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Tá na comhaltachtaí a thagann faoi scáth lucht taighde Choláiste na Tríonóide cothrom le haon tríú cuid den dá chomhaltacht déag a bronnadh go dtí seo.

I mí na Samhna, bronnadh beagnach 30% de na cistí ar fad a ceadaíodh faoi Chlár Cheannródaithe na Todhchaí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ar 21 togra a bhfuil imscrúdaitheoir de chuid Choláiste na Tríonóide i gceannas orthu. D'fhógair an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Nuálaíochta agus Eolaíochta, Simon Harris, TD, 71 deontas dar luach €53 milliún i ndáil le taighde ceannródaíochta ar fud 12 Foras Ardoideachais.

Bronnadh creidiúnú OECI ar Institiúid Ailse Choláiste na Tríonóide-Ospidéal San Séamas i mí na Samhna 2020. Is í an institiúid an chéad ionad in Éirinn a ghnóthaigh creidiúnú mar seo chomh maith le comhaltacht ainmniúcháin. Tá an institiúid ceangailte anois le 53 de na hionaid ailse is iomráití san Eoraip.

Bronnadh Gradam Fhondúireacht Healey ar an Ollamh Orla Hardiman i mí na Nollag 2020. Is aitheantas an gradam sin ar shaothar an Ollaimh Hardiman agus an chuibhreannais idirnáisiúnta a bhfuil sí páirteach ann ag féachaint le cur leis an tuiscint ar ALS/MND agus ar mhodhanna cóireála ina leith.

I mí na Nollag 2020, ghnóthaigh ceathrar taighdeoirí de chuid Choláiste na Tríonóide Dámhachtainí Comhtháite ERC dar luach €2 milliún an ceann. Is iad na taighdeoirí sin an tOllamh Marcus Collier (Scoil na nEolaíochtaí Nádúrtha), an tOllamh Thomas Chadefaux (Scoil na nEolaíochtaí Sóisialta agus na Fealsúnachta), an tOllamh Stephen Dooley (Scoil na Fisice) agus an tOllamh David O'Shaughnessy (Scoil an Bhéarla).

Bhronn an Chomhairle um Thaighde in Éirinn Deontais Comhchaidrimh ESRC-IRC idir an Ríocht Aontaithe agus Éire maidir leis na hEolaíochtaí Sóisialta ar cheathrar taighdeoirí de chuid Choláiste na Tríonóide. Deontais nua iad seo a bhfuil de chuspóir leo caidreamh fadtéarmach a chothú idir taighdeoirí eolaíochta sóisialta sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann. Bronnadh deontais ar Joe Barry, Ollamh Taca le Leigheas Sláinte Pobail; Yekaterina Chzhen, Ollamh Cúnta le Socheolaíocht; Fiona Newell, Ollamh le Síceolaíocht Thurgnamhach agus Martine Smith, Ollamh le hUrlabhraíocht Clinice agus Léann Teanga.

Bronnadh deontas cruthúnas coincheap na Comhairle Eorpaí um Thaighde ar an Ollamh Jonathan Coleman i mí Eanáir 2021. Faoin togra Print-SENSE, beidh scrúdú féidearthachta ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta agus teicniúla á dhéanamh maidir le dúch bunaithe ar nana-ábhar a úsáid i ndáil le braiteoireacht ardfheidhmíochta, go háirithe i ndáil le diagnóisic leighis.

I mí Feabhra 2021, bhí ionaid taighde ADAPT agus CONNECT le háireamh ar chúig cinn d'ionaid taighde a ndearnach Fondúireacht Eolaíochta Éireann infheistíocht €193 milliún iontu. Chomh maith leis an infheistíocht sin, trína gcuirfear bonn faoi isteach is amach le 1,060 mac léinn iarchéime agus mac léinn iar-Dhochtúireachta agus Comhalta Taighde a fhostú sna hIonaid Taighde, beidh 200 páirtnéir ar fud earnáil na tionsclaíochta ag cur níos mó ná €91 milliún d'infheistíocht ar fáil i bhfoirm airgid nó cion comhchineáil.

Toghadh Alan Irvine, Ollamh le Deirmeolaíocht i Scoil an Leighis ina Chomhalta sa Royal Society of Edinburgh (RSE) i mí Márta 2021. Tá sé ceangailte anois le rolla reatha RSE de c.1,600 den lucht smaointeoireachta agus cleachtais as Albain agus níos faide ó bhaile.

Tugadh cúnamh i mí Márta 2021 maidir le trí cinn de thionscnaimh ETIM a bhfuil Coláiste na Tríonóide i mbun na ceannródaíochta ina leith i ndáil le rannpháirtíocht an phobail agus cúrsaí oideachais. Is cuid seo d'infheistíocht náisiúnta €5.2 milliún trí chlár de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann. Baineann na tionscadail le códúchán, cathracha cliste agus litearthacht sonraí.

I mí Aibreán 2021, bhronn an Chomhairle um Thaighde in Éirinn gradaim ar ochtar taighdeoirí i gColáiste na Tríonóide. Bainfear leas as na cistí maidir le tionscadail i réimsí éagsúla, ina measc nithe a ghoilleann ar chúramóirí agus ar dhaoine aosta agus an tionchar atá ag paindéim Covid-19 ar dhea-bhail an duine.

Ghnóthaigh an tOllamh Dan Bradley Bonn Óir Acadamh Ríoga na hÉireann i mí Bealtaine 2021. Tá iomrá go hidirnáisiúnta ar an Ollamh Bradley mar gheall ar shaothar ceannródaíochta i ngéineolaíocht na seanreachta agus maidir le tograí de leithéid an chinn faoina ndearnadh seicheamhú ar na géanóim ba thúisce ag duine ar bith in Éirinn.

## 5. Nuálaíocht agus Tráchtálú

Déanann Taighde & Nuálaíocht Cholaíste na Tríonoíde (TR&I) an caidreamh idir taighdeoirí Cholaíste na Tríonoíde agus geallsealbhóirí seachtracha, gníomhaireachtaí cistíochta náisiúnta agus idirnáisiúnta, dreamanna caipitil fiontair agus an lucht tionsclaíochta ina measc, a spreagadh agus a chothú. Éascaítear an rannpháirtíocht leathan seo tríd an Oifig Forbartha Taighde, Oifig na gConarthaí, agus Oifig na Comhpháirtíochta Corparáidí agus an Mhalartáin Eolais laistigh den aonad.

Buaicphointí

- Seoladh Ciste Idirlinne na hOllscoile II (UBFII) go hoifigiúil i mí Bealtaine 2021. Tagann an ciste seo in ionad Chiste Idirlinne na hOllscoile faoina ndearnadh infheistíocht i 30 cuideachta sártheicneolaíochta a chruinnigh níos mó ná €220m de chistí com-infheistíochta. Faoi UBF II, beidh €80m á infheistiú sa chéad ghlúin eile de chuideachtaí sártheicneolaíochta a eascraíonn as córas na hollscoile agus de mhianach ag baint leo go dtiocfaí i gcion ar fud an domhain. Leantar, faoin dara ciste, leis an gcomhar páirtnéireachta faoi leith idir Atlantic Bridge agus Ollscoileanna de chuid na hÉireann, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh agus Ollscoil na Gaillimhe d'fhonn brostú le beartaíocht eolaíochta de scoth an domhain in Ollscoileanna na hÉireann a chur ar bhonn tráchtála.
- Áirítear ar na buaicphointí suntasacha maidir le ceadúnais agus seachthionscnamh tráchtála le bliain anuas, margadh mórshuntais maidir leis an gcuideachta campais Inflazome arna éadáil ag Roche ar €380m agus Silvercloud Health (2012), arna éadáil ag Amwell ar luach ba, mhó ná USD $250m i mí Iúil 2021
- Leanadh den infheistíocht shuntasach i gcuideachtaí campais i rith na bliana 2020-21: €19m de chistíocht cothromais agus €17.6m de chistíocht neamhchothromais i rith na bliana. Áirítear ar na samplaí ina leith sin: Danalto (€1m), TerminusDB (€3.6m), CaliberAI (€600k), Selfsense (€1m), OneProjects (€17m), Akara Robotics (€2.4m), Solvotrin (€6.7m).
- Aontaíodh stádas Fiontar Nuathionscanta Ardfheidhmíochta (HPSU) de chuid na hÉireann maidir le cuideachtaí seachthionscnaimh de chuid Choláiste na Tríonóide: Senoptica, Selfsense agus CaliberAI
- Tá mol nuálaíochta, faoin teideal Tairseach, á leagan amach maidir le hionad ag cuideachtaí seachthionscanta Choláiste na Tríonóide, taighdeoirí agus an sciar is fearr den éiceachóras áitiúil maidir le fiontair nuathionscanta. Ó dheireadh na bliana 2023 amach, beidh spás á chur ar fáil do 300 fiontraí agus nuálaí corparáide agus níos mó, chomh maith le spás imeachtaí ina bhfuil 100 suíochán agus spásanna cruinnithe eile, caifé agus spás poiblí. Táthar ag teannadh le deireadh na hoibre maidir leis an dearthóireacht ailtireachta agus leis an múnla gnó a leagan amach.

**Tionscal**

Tháinig buaicleibhéal €9.3m de dheontais tionsclaíochta a síníodh i rith na bliana 2020-21 de thoradh ar chaidreamh leanúnach forfheabhsaithe le páirtnéirí tionsclaíochta. Áirítear ar na samplaí maidir le socruithe suntasacha:

- Microsoft Ireland, beartaíocht i gcomhar atá dírithe ar bhrostú leis an dul chun cinn maidir le teicneolaíocht chandamach den chineál is nua agus ar cheannródaithe na linne seo romhainn a sa réimse sin a mhealladh agus a chur faoi oiliúint. Treiseofar dá bharr le hionad na hÉireann mar ionad príomhthábhachta ar fud an domhain ar fad maidir le taighde chandamach.
- Ryanair, seoladh ionad taighde maidir le heitleoireacht inbhuanaithe (infheistíocht €1.5m) d'fhonn taighde a dhéanamh faoi bhreosla inbhuanaithe d'eitleáin, faoi chórais tiomáinte eitleán atá neodrach ó thaobh carbóin agus faoi mhapáil torainn.
- ONK Therapeutics, tionscadal a bhfuil de chuspóir leis feabhas a chur ar mhodhanna teiripe maidir le hailse

**Comhairleoireacht**

Áirítear ar na príomhbhuaicphointí maidir le hAonad Chomhairleoireacht Bainistíochta Choláiste na Tríonóide, CONSULT Trinity (arna sheoladh i mí Meán Fómhair 2019):

- síníodh níos mó ná 48 comhaontú comhairleoireachta i rith an tréimhse faoi chaibidil
- €547,401 luach na gcomhaontuithe comhairleoireachta a síníodh i rith an tréimhse faoi chaibidil
- Cuireadh tionscadal comhairleoireachta maidir le hIontaobhas Abhann Inis Eoghain ar an ngearrliosta maidir le gradaim KTI Impact na bliana 2021

## 5.1 Maoiniú Taighde

I rith na bliana acadúla 2020-21, rinne an Oifig Forbartha Taighde fónamh maidir le 1,183 iarratas ar chistí taighde a raibh luach €368.9m ag gabhaíl leo. Tugtar san áireamh le infheistíocht nua a fógraíodh maidir le hIonaid Taighde Fhondúireacht Eolaíochta Éireann: Ionad ADAPT - €42m i rith tréimhse sé bliana; Ionad SFI CONNECT - €39m i rith tréimhse sé bliana. I rith an ama sin, rinne Oifig na gConarthaí próiseáil ar líon is mó ná 1,200 conradh taighde dar luach foriomlán €170 milliún, 782 acu (dar luach €135 milliún) á gceadú d'eintitis de chuid Choláiste na Tríonóide agus 438 (dar luach €35 milliún) á n-eisiúint le heintitis seachtrach.

Tá Coláiste na Tríonóide le háireamh ar an bhforas tríú leibhéal is mó a tharraing anuas cistí faoi Fhís 2020 an AE in Éirinn, €42 milliún níos mó ná an chéad fhoras eile ina dhiaidh sin. Tá 255 deontas ar luach foriomlán €159.2m gnóthaithe ag lucht taighde Choláiste na Tríonóide go dtí seo (10-2021). Tá gnóthachtáil na hOllscoile inchomórtais go maith lena comhleithéidí d'Ollscoileanna ar fud na hEorpa i Sraith Ollscoileanna Taighde na hEorpa (LERU) mar a bhfuil Coláiste na Tríonóide ar an gceathrú foras is mó a ghnóthaigh deontais ERC in aghaidh an duine den fhoireann léinn. Tá Coláiste na Tríonóide le háireamh faoi láthair sa 33ú áit i measc Fhorais Ardoideachais uile na hEorpa.

Feictear freisin an sárfheabhas seo maidir le cúrsaí taighde ar líon na gcomhaontuithe comharoibre a shínítear le lucht tionsclaíochta, líon atá níos mó ná 30% níos airde ná an bonnlíne arna leagan síos ag an Údarás um Ardoideachas, le 63 comhaontú maidir le comhar taighde ar íosluach €25,000. Is léir ón leibhéal athshocrú gnó go bhfuil borradh faoin gcaidreamh leis na páirtnéirí.

## 5.2 Maoin Intleachtúil

Fuair an Oifig um Chomhpháirtíocht Chorparáideach agus Malartú Eolais 48 nochtadh maidir le maoin intleachtúil nuálach a chruthaigh taighdeoirí de chuid Choláiste na Tríonóide, comhdaíodh 16 iarratas nua ar phaitinn, agus deonaíodh 32 ceadúnas tráchtála. Aontaíodh ocht gcinn de chuideachtaí campais nua de chuid an Cholaíste a chur ar bun, líon an-ard in aon bhliain amháin ag Coláiste na Tríonóide.

| | 2013-14 | 2014-15 | 2015-16 | 2016-17 | 2017-18 | 2018-19 | 2019-20 | 2020-21 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Foirm nochta aireagáin | 58 | 53 | 60 | 61 | 80 | 62 | 55 | 48 |
| Paitinní | 23 | 18 | 17 | 18 | 19 | 13 | 27 | 16 |
| Ceadúnais* | 30 | 23 | 34 | 13 | 27 | 16 | 26 | 32 |
| Cuideachtaí campais agus mac-chuideachtaí | 4 | 3 | 2 | 4 | 5 | 4 | 5 | 8 |

* Refers to licences, options and assignments

## 5.3 LaunchBox agus Blackstone LaunchPad

Tá bonn curtha le LaunchBox, Brostaitheoir Mac Léinn de chuid Tangent, agus gorlann iomráiteach do mhic léinn, faoi líon is mó ná 90 fiontar ó cuireadh an clár ar bun sa bhliain 2013. Tá níos mó ná €75 milliún de mhaoiniú agus d'infheistíocht aimsithe ag na fiontair sin. Áirítear ina measc Artomatix a rinneadh a éadáil ar níos mó ná $60m sa bhliain 2019 agus Foodcloud a bhfuil níos mó ná 100m béile curtha ar fáil acu ar fud na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann trí chur amú bia a mhaolú. Leanann Iseult Ward, bunaitheoir Foodcloud, de threisiú i gcónaí le misean Choláiste na Tríonóide maidir le fiontraíocht na mac léinn ina comhalta ar bhord Tangent.

Roghnaíodh deich gcinn de mheithle tionscanta faoi stiúir mhic léinn maidir le LaunchBox shamhradh na bliana 2021 – agus bhí leas acu as cóitseáil, comhairle saineolais, síolchistíocht agus deis ar spás agus áiseanna gorlainne. Mar gheall ar phaindéim leanúnach COVID-19, rinneadh LaunchBox a eagrú ar líne in athuair ach ní raibh aon tionchar chun dochair aige sin ar chaighdeán na bhfoirne a ghlac páirt ann ná ar an dul chun cinn a rinne siad.

Áirítear ar rannpháirtithe chlár na bliana seo an t-ardán Refunk maidir le forfheabhsú troscán, Diglot le seifteanna a chuideodh le duine teangacha a fhoghlaim trí na leabhair is fearr lei-s an léitheoir agus One Sure Thing, ardán trína gcuidítear le daoine pleanáil deireadh saoil a dhéanamh níos furasta. B'iontach an bhliain a bhí ag Field of Vision, buaiteoirí LaunchBox 2021, a rug an chraobh leo freisin maidir le Gradam Fhiontar Éireann do Mhac Léinn Fiontraíochta na Bliana. Bhí seift acusan chun ligean do lucht leanta spóirt a bhfuil lagú ar an amharc acu sásamh a bhaint as na cineálacha spóirt is ansa leo le hamharc meaisín á oibriú in éineacht le gléas fisiciúil d'fhonn an cluiche a leanúint go comhuaineach trí theagmháil.

Ní hé LaunchBox an t-aon chóras trínar féidir le mic léinn bunchéime agus iarchéime Choláiste na Tríonóide a gcuid scileanna fiontraíochta a chothú. Tá Blackstone LaunchPad á rith faoi chlár fiontraíochta Techstars an champais agus é lonnaithe in Tangent, Spás Smaointeoireachta Choláiste na Tríonóide. Cothaítear lucht fiontraíochta i measc mhic léinn an Choláiste agus ceanglaítear caidreamh idir iad agus éiceachóras idirnáisiúnta na gcomhlachtaí nua-thionscanta.

## 6. Acmhainní Daonna

Is é a leagtar de chuspóir roimh an bhfoireann Acmhainní Daonna treisiú agus neartú le daoine, le meithle agus le feidhmíocht na hOllscoile agus déantar sin trí sheifteanna a leagan amach agus a thabhairt i gcrích trínar féidir le Coláiste na Tríonóide eagraíocht chríochnúil shochóirithe a chruthú ina ndéantar gach duine de phobal na heagraíochta a chothú go cothrom.

An Mheitheal Páirtnéireachta AD an condúit trína gcuirtear cuid mhór de na seirbhísí AD ar fáil do lucht an Choláiste.

Is féidir an obair a cheapadh le trí cinn de phríomhcholúin:

- Daoine Cumasacha: Earcaíocht, Forbairt agus Feidhmíocht
- Riarachán éifeachtúil pearsanra
- Rannpháirtíocht Foirne

### 6.1 Daoine Cumasacha: Earcaíocht, Forbairt agus Feidhmíocht

Rinne Coláiste na Tríonóide athbhreithniú ar an bpolasaí earcaíochta agus rinneadh an polasaí leasaithe a aontú agus a chur i bhfeidhm i rith na bliana 2019. Tugadh oiliúint leanúnach agus ceardlanna i gcrích i rith na bliana 2020-21 ag fónamh do ghnáthchuid den obair a dhéanamh den pholasaí sin. Is fostóir tarraingteach an Ollscoil i gcónaí ar an margadh saothair agus tá leibhéal ard de na hiarratasóirí a rangaítear ar an gcéad rogha a ghlacann leis an tairiscint ón Ollscoil ar phost.

I rith na bliana 2020-21, d'fhógair an mheitheal Earcaíochta 402 post ar fud réimsí éagsúla den Ollscoil: Ollúnachtaí; Poist acadúla; Teicniúil; Poist ar ghrád Bainistíochta agus Riaracháin; Foirgnimh & Seirbhísí agus poist Leabharlainne.

I rith na bliana, fuarthas beagnach 6,500 iarratas ar na poist a fógraíodh; Rinneadh 397 cheapachán, 96 chuig poist acadúla agus 301 chuig poist ghairmiúla, riaracháin agus tacaíochta. Tá sé seo sa bhreis ar na baill foirne sin a cheaptar chun poist taighde a dhéanamh ina mbainistítear an earcaíocht go díreach agus na baill foirne a cheaptar chuig róil áirithe i réimse foirgneamh agus seirbhísí ina ndéantar an earcaíocht a bhainistiú go háitiúil.

Chomh maith leis na ceapacháin a ndearna an fhoireann Earcaíochta an obair riaracháin ina leith, d'eisigh foireann na gConarthaí 1,346 conradh i rith na bliana 2020-21 maidir le ceapacháin nach n-áirítear le hEarcaíocht (postanna Taighde; téarmaí conartha a leasú; conradh a athnuachan). Is lú de 197 an líon sin ná líon na gconarthaí an bhliain roimhe.

Thug Foireann Athbhreithnithe Fheidhmíocht an Lucht Foirne Gairm 2019 maidir le hArdú Céime an Aosa Léinn Shinsearaigh chun críche i rith na bliana 2020-21, 122 iarratas a rinneadh agus d'éirigh le 42 iarrthóir ardú céime a fháil. As an 42 ardú céime, bhain 24 le hardú go grád an Ollaimh Chomhlaigh, 15 le hardú go grád Ollamh agus 3 chás le hardú go grád Ollamh (Cathaoir Phearsanta). Seoladh Gairm 2020 maidir le hArdú Céime an Lucht Léinn Sinsearach i mí na Nollag 2021 agus tabharfar an próiseas chun críche i rith na bliana 2022.

I rith na bliana, tháinig cúig cinn d'iarratais coinneála chuig an gCoiste maidir le hArdú Céime an Lucht Léinn Sinsearach, d'éirigh leis an gcúig iarratas.

I rith na bliana, chuir Coiste Dhul chun Cinn an Aos Léinn Sóisearach ceathrar Ollúna Cúnta a bheadh ar Bhealach Tionachta faoi agallamh maidir leis an Athbhreithniú Deiridh Tionachta. D'éirigh leis an gceathrar agus ar aontú an Bhoird leis, eisíodh na conarthaí buana. Chomh maith leis sin, d'fhógair Coiste Dhul chun Cinn an Aosa Léinn Shóisearaigh gairm ar an 15 Samhain 2019 d'iarratasóirí atá á gcoinneáil faoi láthair ag an teorainn tuillteanais maidir le dul faoi athbhreithniú; tháinig 86 iarratas. Bhí trí cinn de theorainneacha

tuillteanais san áireamh leis an ngairm seo agus dátaí éagsúla maidir le réanna feidhme (i.e. 2017-18, 2018-19 agus 2019-20) i ndáil le hiarratasóirí a raibh athbhreithniú maidir le teorainn tuillteanais dlite dóibh. As 86 iarratas, rinne an Coiste athbhreithniú ar 36 acu i rith na bliana 2020-21 agus tá gach ceann den 86 athbhreithniú déanta faoin tráth seo. D'éirigh le 76 Iarratasóir agus bhí deichniúr nár éirigh leo.

Seoladh Gairm (2021) maidir le hArdú Céime Lucht Foirne Clinice i mí Márta 2021 agus tá an obair ina leith ar siúl faoi láthair.

**Ceapacháin Ollamh**

I rith na bliana 2020-21, rinneadh beirt Ollúna a cheapadh i nDámh na nDán, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta - an tOllamh le hEacnamaíocht Polaitíochta agus an tOllamh le Bainistíocht Straitéiseach (2018), leis an mbeirt acu ag dul i mbun cúraim i rith na bliana 2022. Ceapadh triúr ollúna i nDámh na hEolaíochta, na Teicneolaíochta, na hInnealtóireachta agus na Matamaitice (ETIM): Stiúrthóir Connect/Ollamh le Craobhchórais Cumarsáide na Todhchaí a chuaigh i mbun cúraim i mí Eanáir 2021, Ceann Scoil Eolaíocht na Ríomhaireachta agus an Staidrimh/an tOllamh le hIntleacht Shaorga a chuaigh i mbun cúraim i mí Meán Fómhair 2021, agus an tOllamh le Matamaitic (2020) a chuaigh i mbun cúraim sa bhliain 2022. Chuaigh beirt Ollúna a ceapadh an tréimhse roimhe sin i nDámh na nEolaíochtaí Sláinte i mbun cúraim i mí Eanáir 2021; an tOllamh le Leigheas Maolaitheach (2009) agus an tOllamh le Leigheas Sláinte Pobail (2009).

**Poist Shinsearacha Riaracháin**

Áirítear ar na ceapacháin a rinneadh chuig poist Riaracháin Shinsearacha le linn 2020-21 na ceapacháin seo a leanas: Bainisteoir Foirne FIS (FSD), Ollamh Stiúrthóir Micrichreidiúnas (Teagasc agus Foghlaim Choláiste na Tríonóide), Stiúrthóir Gníomhach TAP (Teagasc agus Foghlaim Choláiste na Tríonóide), Stiúrthóir na Clárlainne Acadúla (An Clárlann Acadúil), Iniúchóir Inmheánach (Oifig an Rúnaí), Aturnae an Choláiste (Oifig an Rúnaí), Stiúrthóir Tráchtála (CRU), Leas-Stiúrthóir AD, Stiúrthóir PMO (PMO), agus Ceann Foirne (Oifig an Phropaist).

**Forbairt**

Cuireadh 220 ócáid foghlama ar fáil i rith na bliana 2020-21, le beagnach 3,600 rannpháirtí ar fud na gcatagóirí seo a leanas

- Forbairt ar Scileanna Gairmiúla & Scileanna Pearsanta don uile bhall foirne
- Clár Forbartha d'Ollúna Cúnta i rith Bhlianta 1 – 4
- Cláir Forbartha maidir le Ceannaireacht
- Bearta idirghabhála saincheaptha bunaithe ar mheithle ar fud na hOllscoile
- Bearta idirghabhála maidir le cumas, lena n-áirítear meantóireacht do dhaoine den lucht léinn, (90+ meantóir), bearta cóitseála
- Sraith maidir le Dea-bhail an Duine

Lean an Mheitheal Foghlama agus Forbartha Eagraíochta (L&OD) de chlár ar líne a chur ar fáil le béim ar scileanna praiticiúla bainistíochta agus ceannaireachta maidir le ceannasaíocht a dhéanamh i rith ré leanúnach éiginnteachta agus le béim freisin ar thionscnaimh dianseasmhachta agus ar dhea-bhail an duine do na fostaithe go léir d'fhonn cuidiú leo ag dul i ngleic le tionchar na paindéime. Leagadh an clár oibre amach le haird ar an lón léargais a gnóthaíodh ón Suirbhé maidir le Dea-bhail an lucht foirne i rith aimsir COVID 2020 agus bhí sé sochóirithe i ndáil le hathruithe tréana ar riachtanais na bhfostaithe e.g., tugadh Sraith na dTuismitheoirí isteach mar bheart cúnta do thuismitheoirí a raibh scolaíocht á chur acu ar na leanaí sa bhaile ionas go bhféadfaí cothromaíocht a aimsiú maidir le cúraimí oibre/saoil agus deacrachtaí ina leith a shárú. Bhí na fostaithe sásta le formáid ar líne an chláir agus tharla rátaí rannpháirtíochta níos fearr dá thoradh sin chomh maith le ceangal le sciar níos leithne de phobal an Choláiste.

Eagraíodh tionscnaimh nua forbartha chomh maith le feabhas a chur ar bhearta a bhí ar siúl cheana:

- Clár Forbartha Aurora maidir le Ceannairí Mná - Tugadh forbairt bhreise ar an gclár seo ionas go bhféadfaí freastal do dheiseanna rialta phobal cleachtais atá ag teacht le clár Aurora.
- Tugadh cláir nua isteach maidir le scileanna bainistíochta atá dírithe ar scileanna agus ar dheiseanna praiticiúla a chur ar fáil maidir le ceannaireacht a dhéanamh i dtimpeallacht ciancheangailte nó measctha, chomh maith le deiseanna a thabhairt don fhoghlaim shóisialta trí chláir a leagan amach ina modúil.
- Rinneadh cláir maidir le scileanna gairmiúlachta a fhorbairt go leanúnach d'fhonn freastal do na riachtanais is deireanaí a bhíonn i gceist ag fostóirí maidir leis an timpeallacht ar líne. e.g. comhar cruthaitheachta sa saol ar líne.
- Tugadh ionstraim shiciméadrachta Disc Insights san áireamh le cláir éagsúla d'fhonn treisiú le cumarsáid éifeachtúil.
- Bearta sainiúla idirghabhála; próifíliú meithle agus 1:1 le deiseanna siciméadrachta Insights
- Eagraíodh an clár Scileanna Gairmiúlachta do Cheannairí Taighde le 29 rannpháirtí. Tugadh forbairt ar an tsraith máistir-ranganna d'fhonn treisiú le rannpháirtithe an chláir agus tugadh cúnamh taca 1:1 do na rannpháirtithe isteach chomh maith.
- D'airigh cuid mhór i rith an tréimhse seo go raibh siad scoite iargúlta. Eagraíodh imeachtaí Connect over Coffee chun deiseanna sóisialta a chur ar fáil do na fostaithe gach seachtain agus cuireadh cruinnithe faoi leith ar bun ar líne do Thaighdeoirí.
- Cuireadh Caiféanna Fíorúla ar bun d'fhonn freastal do bhabhtáil eolais ar fud na hollscoile
- Rinneadh Comhdháil AD Cumann Ollscoileanna na hÉireann a leagan amach agus a eagrú ar líne le beagnach 300 rannpháirtí, líon níos mó ag aon ócáid dá shórt ó cuireadh ar bun den chéad uair é.

**Foghlaim Ar Líne**

Tháinig laghdú ar líon na ndaoine a bhain úsáid as LinkedIn Learning i gcomparáid le tréimhsí roimhe seo agus ba lú ná 4,000 líon na ndaoine a bhain úsáid as i rith an tréimhse faoi chaibidil. Tá le tuiscint ón aiseolas nár mhian leis na fostaithe níos mó a bheith le déanamh faoi láthair le foghlaim ar líne acu. Leanadh den fhorbairt ar chatalóga LinkedIn Learning i ndáil leis na cláir go léir; tairgíodh mar rogha roimh an obair iad seachas mar ghnéithe éigeantacha. Rinneadh catalóga cuimsitheacha a fhorbairt freisin d'fhonn Réimsí Inniúlachta Choláiste na Tríonóide a cheangal le hacmhainní LinkedIn Learning agus déantar iad sin a fhoilsiú ar láithreán gréasáin Choláiste na Tríonóide. Leantar de Vitae a chur ar fáil don uile dhuine den fhoireann acadúil agus den fhoireann taighde agus dóibh siúd atá ceangailte le gnóthaí taighde mar thairseach suntasach acmhainní ar líne.

## 6.2 Riarachán éifeachtúil pearsanra

Tá le háireamh ar phríomhchuspóirí na Roinne AD go gcinntítear go bhfuil próisis AD i bhfeidhm atá éifeachtúil, éifeachtach agus furasta a úsáid. Tar éis forfheabhsú a thabhairt ar an gcóras AD CORE i rith na bliana 2019, tá clár ilbhliantúil oibre ar bun ag AD maidir le mínchóiriú agus caomhchóiriú ar na próisis AD ar fad. Is obair leanúnach í sin a leanfaidh ar aghaidh go ceann roinnt blianta.

Ar na próisis a bhfuil an obair sin ina leith tugtha chun críche agus atá á gcur ar fáil don fhoireann ar fad, áirítear iad seo a leanas: Claochlú ar an gCóras Earcaíochta, lena mbaineann polasaí agus gnás oibre nua atá ar fáil ar líne, Uirlisí an Bhainisteora san áireamh. Tar éis comhairle a ghlacadh ar fud an choláiste, rinneadh polasaí maidir le pá/oibriú Ócáideach a leagan amach agus a chur i bhfeidhm atá tá an bhéim anois ar chóras uathoibríoch a fhorbairt don phróiseas sin.

eLeave (tuairisc leictreonach ar thréimhsí saoire). Rinneadh seo a fhorbairt agus tá tástáil phíolótach ar bun agus é i gceist an córas a thabhairt i bhfeidhm i ndáil leis an mbliain 2022. Ar na próisis a bhfuiltear ag obair orthu, tá caomhchóiriú ar an bpróiseas ainmniúcháin maidir le cúrsaí taighde, forfheabhsú ar an bpróiseas maidir le foréileamh foirne, agus caomhchóiriú agus leasú ar an bpróiseas promhaidh. Is próiseas leanúnach an próiseas feabhsúcháin maidir leis na próisis AD.

Déantar Scáileáin Eolais AD a scaipeadh ar leibhéal na hOllscoile agus ar leibhéal Oibriúcháin AD gach mí ionas go mbíonn forléargas ag an lucht Bainistíochta Sinsearach ar an obair atá ar siúl agus ar líon na foirne ina gcuid réimsí féin agus ar fud na hOllscoile.

## 6.3 Comhchaidreamh le Fostaithe

Cead Cainte don Fhostaí: Rinne Scoil Ghnó Choláiste na Tríonóide Suirbhé COVID dar teideal 'Stay Together and Stronger' don lucht foirne agus do na mic léinn a leagan amach agus a eagrú i gcomhar le hAcmhainní Daonna i lár na bliana 2020. Baineadh leas as lón eolais agus léargais ón suirbhé i ndáil leis an gcur chuige maidir le dea-bhail an lucht foirne agus le tionscnaimh a chur in ord tábhachta mar is léir ó na bearta foghlamtha ar cuidíodh leo i rith an tréimhse faoi chaibidil. Tá leagtha amach suirbhé eile a dhéanamh ina dhiaidh seo óna n-eascróidh lón eolais maidir leis an gcéad chéim eile den obair.

Leanann AD agus oifig Cumarsáide Choláiste na Tríonóide den deis cumarsáide neamhfhoirmeálta ar a dtugtar an 'Weekly Wrap' a chur ar fáil. Cé gur mar thionscadal píolótach a cuireadh tús leis seo ar dtús, tá sé á chur ar fáil ar fud na hOllscoile faoin tráth seo. Tá de chuspóir leis an lucht foirne ar fud na hOllscoile a choinneáil ceangailte lena chéile agus ar an eolas faoina bhfuil ar siúl.

Eagraíodh ceardlanna rannpháirtíochta ar fud na hOllscoile i ndáil leis an bPolasaí Modhanna Cumaisc Oibre a fhorbairt agus tá leas á bhaint as torthaí na gceardlann seo maidir le polasaí píolótach na hOllscoile a leagan amach, polasaí a sheolfar i rith na bliana 2022.

Eagraíodh ceardlanna/grúpaí fócais breise freisin ar fud an choláiste i ndáil leis na polasaithe maidir le Dínit agus Meas a leagan amach. Tá bunghá le seisiúin den sórt sin ionas go gcinntítear go mbíonn aird ar phobal uile an choláiste leis na polasaithe a leagtar amach.

Ba ghnóthach an bhliain arís í ag foireann an Chaidrimh le Fostaithe ag cur comhairle sárchleachtais, cúnamh taca agus cóitseáil ar fáil do phobal an Choláiste maidir le déileáil le ceisteanna i ndáil le daoine. Chuir an fhoireann dlús breise leis an gcaidreamh le hionadaithe ceardchumainn, le ceannasaithe agus le bainisteoirí d'fhonn timpeallacht oibre agus staidéir a chinntiú don lucht foirne agus do na mic léinn atá comhchuí tairbheach. Lean foireann an Chaidrimh le Fostaithe den chúnamh taca agus den chomhairle maidir le socruithe oibre agus saoire i ndáil le COVID agus cuireadh tuairiscí reatha ar fáil i rith na bliana. Cuidíodh chomh maith le bainisteoirí foirne d'fhonn deacrachtaí a shárú sula mbeadh baill na foirne ag filleadh ar an láthair oibre don bhliain acadúil 2021-22.

Mar gheall ar COVID-19, ar líne a leanadh d'obair an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre ar feadh an chuid is mó den bhliain agus rinne an fhoireann ionadaíocht thar ceann na hollscoile maidir le cúiseanna aonair agus cúiseanna comharghrúpa ag seacht gcinn déag de Chomhdhálacha Idir-réitigh de chuid an Choimisiúin, trí cinn de bhearta imscrúdúcháin le hOifigeach Breithniúcháin agus dhá éisteacht os comhair na Cúirte Oibreachais. Chomh maith leis an méid sin, chuidigh an fhoireann le Bainisteoirí/Ceannasaithe le bearta imscrúdúcháin inmheánacha i ndáil le próisis gearáin agus araíonachta i rith an tréimhse faoi chaibidil.

## 7. Tionscnaimh Ollscoile agus Príomhimeachtaí

Bhí roinnt tionscnamh nua agus príomhimeachtaí i gColáiste na Tríonóide i rith na bliana acadúla 2020-21.

I mí Aibreán 2021, toghadh an tOllamh Linda Doyle ina Propast ar Choláiste na Tríonóide, an chéad bhean sa phost sin riamh ó cuireadh an Ollscoil ar bun 429 bliain roimh ré. Is í an 45ú Propast í agus tháinig sí i gcomharbacht ar an Dr Patrick Prendergast ar Lá Lúnasa 2021.

Sheol Coláiste na Tríonóide curaclam nua do dhaltaí bunchéime i mí Deireadh Fómhair le béim ar an smaointeoireacht chriticiúil, ar shaoránacht dhomhanda, ar chaidreamh le fostóirí agus ar mhodhanna sochóirithe foghlama de thoradh ar Thionscadal Oideachais na Tríonóide (TEP). Sheol Mariya Gabriel, Coimisinéir an AE maidir le Nuálaíocht, Taighde, Cultúr, Oideachas agus Óige an curaclam in éineacht leis an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, Simon Harris, TD.

Cheadaigh Rialtas na hÉireann cistíocht €25 milliún i mí Bealtaine 2021 maidir le hoidhreacht na Seanleabharlainne a chaomhnú agus a chumhdach, tar éis do Chomhairle Chathair Bhaile Átha Cliath cead pleanála a thabhairt roinnt míonna roimh ré. An tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, Darragh O'Brien, agus an tAire Stáit maidir leis an Oidhreacht agus le hAthchóiriú Toghcháin, Malcolm Noonan, a d'fhógair an chistíocht, an deontas is suntasaí maidir le hearnáil na hoidhreachta agus an chultúir a ceadaíodh i rith na bliana 2021.

Cuireadh cás nua Taisce agus Taispeántais maidir le Leabhar Cheanannais ar taispeáint i dtús na bliana acadúla. Is spreagúla sin ag an gcuairteoir agus is comhartha é go bhfuil athmhúscailt ar earnáil an chultúir, na hoidhreachta agus na turasóireachta agus an tír ag teacht ó phaindéim COVID-19.

Tá ceithre cinn de shaothair nua dealbhadóireachta de mhná á gcoimisiúnú ag Coláiste na Tríonóide le cur ar taispeáint sa tSeanleabharlann. Is iad Rosalind Franklin, bean eolaíochta, Augusta Gregory, bean béaloidis, drámaíochta agus amharclannaíochta, Ada Lovelace, bean matamaitice agus Mary Wollstonecraft, bean scríbhneoireachta agus agóidí ceannródaíochta maidir le cearta na mban an ceathrar a roghnaíodh as liosta níos mó ná 500 a cuireadh chun cinn. Is é seo an chéad uair le breis agus céad bliain ó choimisiúnaigh an Ollscoil saothar nua dealbhadóireachta don ionad gradamúil seo.

Táthar ag tabhairt faoi thogra forleitheadach i gColáiste na Tríonóide maidir leis an oidhreacht chasta maidir le ré na cóilíneachta a fhiosrú, a inniúchadh agus a scrúdú. Fógraíodh comórtas oscailte maidir le post taighde iardhochtúireachta ar feadh 24 mí i Scoil na Staire agus na nDaonnachtaí agus in Institiúid Taighde Mhol an tSeomra Fada. Is iad an Dr Ciarán O'Neill agus an Dr Patrick Walsh, Scoil na Staire agus na nDaonnachtaí na ceannródaithe imscrúdúcháin maidir le Togra Oidhreacht na Cóilíneachta i gColáiste na Tríonóide.

I mí Márta, ainmníodh Scoil Gnó Choláiste na Tríonóide i measc an 0.6% is fearr de scoileanna gnó an domhain. Tá trí chineál creidiúnúcháin gnóthaithe ag an Scoil, le creidiúnú ó AACSB International, AMBA agus EQUIS. Fágfaidh stádas Choláiste na Tríonóide le haitheantas idirnáisiúnta den sórt seo go mbeidh céimithe an choláiste ar na hiarrthóirí is mó éileamh maidir le fostaíocht agus cinnteofar go ndéanann comhlachtaí ilnáisiúnta in Éirinn, agus gnólachtaí beaga agus meánmhéide, infheistíocht i ndaoine cumasacha de chuid na tíre seo.

Tugadh aitheantas don dúthracht i gColáiste na Tríonóide maidir le cothromaíocht inscne le cúig cinn de ghradaim cré-umha nua Athena SWAN i mí Meán Fómhair, arna mbronnadh ar Scoil na hOibre Sóisialta agus an Pholasaí Shóisialta, ar Scoil na Fisice, ar Scoil na Géineolaíochta agus Micribhitheolaíochta, ar Scoil na Síceolaíochta agus ar Scoil an Dlí. Bronnadh gradaim cré-umha Athena SWAN i mbabhta mhí Márta ar Scoil na Staire agus na nDaonnachtaí, ar Scoil Eolaíocht na Ríomhaireachta agus an Staidrimh agus ar Scoil na hInnealtóireachta.

Thug an Tánaiste, Leo Varadkar T.D., Caint an Luain i gColáiste na Tríonóide i mí Aibreán 2021 le comóradh ar an Dr Noel Browne, Teachta Dála agus Aire Sláinte, 1948-1951. Ceapadh an Dr Noel Browne (1915 – 1997) ina Chomhalta Onórach i gColáiste na Tríonóide i mí Bealtaine 1994, tráth a raibh sé 74 bliana d'aois.

D'fháiltigh Coláiste na Tríonóide roimh an mBreitheamh George Birmingham ina Bhreitheamh Cuairte nua i mí na Samhna. Tá an Breitheamh Birmingham, ón mbliain 2018 i leith, ina ghiúistis ex officio ar an gCúirt Uachtarach i gcáil Uachtarán na Cúirte Achomhairc dó. Tagann sé i gcomharbacht ina Bhreitheamh Cuairte ar an mBreitheamh an Dr Maureen Harding-Clark a rinne fónamh ar ardchéim ina Breitheamh Cuairte ón mbliain 2009 i leith.

Beidh saothar nua á chruthú agus caidreamh poiblí á spreagadh le Deich mBliana Chomóradh an Chéid ag Ealaíontóir Cónaithe Ó 2022 Amach le cistíocht ón Rialtas i gcomhar le Mol an tSeomra Fhada. D'fhógair an tAire Catherine Martin T.D. an scéim nua d'Ealaíontóir Cónaithe faoina ndéanfar machnamh maidir le Clár Dheich mBliana Chomóradh an Chéid, trí lón smaointeoireachta a bhaint as shaíocht na mbailiúchán sna Forais Náisiúnta Cultúir agus i bhforais eile.

I mí Feabhra, rinneadh ceiliúradh ar chomhaltacht nua Choláiste na Tríonóide i gCóras na nOllscoileanna Tearmainn. Ciallaíonn sin go mbeidh Coláiste na Tríonóide ag fónamh agus soirbhiú anois agus san am atá romhainn: do dhúthracht i leith na foghlama – go háirithe maidir le cúrsaí imirce, tearmainn agus dídine; don mheon soicheallach, go háirithe i ndáil le lucht dídine agus tearmainn; agus, do mhalartú smaointe agus ghnáis oibre.

Sheol RTÉ agus Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide feachtas nua Tech2Students d'fhonn bearnaí easnaimh maidir le héagothroime dhigiteach a thabhairt isteach i mí Feabhra 2021. Leagadh amach de sprioc 5,000 ríomhaire glúine nó €1 milliún a bhailiú do dhaoine óga a bhfuil gá acu le gléasra ar fud na tíre agus atá gan cheangal lena gcuid múinteoirí agus le daltaí eile an fhad is atá cianfhoghlaim i bhfeidhm mar gheall ar COVID 19.

Seoladh feachtas mór digitiúcháin maidir le Leabharlann Choláiste na Tríonóide i mí Márta 2021. Déanfar dá réir caomhnú, catalógú, cumhdach, digitiú agus taighde mar gheall ar bhailiúcháin shainiúla a bhfuil tábhacht go náisiúnta leo ionas gur féidir iad a chur ar fáil do dhaoine ar fud an domhain, daltaí scoile nó scoláirí. Trí leas a bhaint as an teicneolaíocht is nua, beidh léiriú ar ardán nua Bhailiúcháin Digiteacha na Leabharlainne ar réimse oll-leathan na mbailiúchán seo, idir lámhscríbhinní luachmhara agus pháipéir eolaíochta.

Rinneadh ceiliúradh ar Dhámh nua-ainmnithe ETIM Choláiste na Tríonóide ag fóram Dáimhe i mí Márta. Is léiriú an t-athrú teidil ar an gcion tábhachtach atá le disciplíní na dáimhe maidir le réimsí teicneolaíochta, gléasra agus ábhair a théann i bhfeidhm go mór ar shaol an duine sa lá atá inniu ann agus ar dhea-bhail an phláinéid.

Seoladh Cartlann Liteartha Brendan Kennelly i mí Aibreáin le hócáid ceiliúrtha ar líne, cothrom lá breithe an fhile nach maireann a bheadh cúig bhliana agus ceithre fichid an lá sin dá mairfeadh.

Ainmníodh an tOllamh Maeve Lowery agus an tOllamh John Kennedy ina gcomhstiúrthóirí ar Institiúid Ailse Choláiste na Tríonóide Ospidéal San Séamus atá á rith i gcomhar ag Coláiste na Tríonóide agus ag Ospidéal San Séamus. An Taoiseach Micheál Ó Máirtín a rinne sin a fhógairt go foirmeálta i mí Meithimh.

**Bearta Inmharthanachta**

I mí Aibreán 2021, rangaíodh Coláiste na Tríonóide ar an 6ú ollscoil is fearr ar domhan maidir le Spriocanna na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Inbhuanaithe, an cúigiú ollscoil is fearr maidir le Comhionannas Inscne agus ar an gcéad 50 ollscoil maidir le 7 gcinn de chatagóirí éagsúla ar liosta an Times Higher Education maidir le Tionchar Ollscoile i ndáil leis na Spriocanna um Fhorbairt Inbhuanaithe.

Cheangail Coláiste na Tríonóide le tionscadal dar teideal UNI-ECO faoi chóras Eorpach ina n-oibrítear in éineacht le ceithre cinn d'ollscoileanna eile: Ollscoil Montpellier, Ollscoil Utrecht, Ollscoil Barcelona agus Ollscoil Eötvös Loránd (ELTE), Búdaipeist d'fhonn an sárchleachtas maidir le cúrsaí inbhuanaíochta a mhalartú agus tionscnaimh ollscoileanna maidir leis an mbithéagsúlacht agus bearta i leith na haeráide a chur chun cinn. Bíonn ról tábhachtach ag na mic léinn maidir le heolas agus smaointe a mhalartú agus is cuid lárnach de sin scoil samhraidh a eagraíodh go fíorúil i gColáiste na Tríonóide sa bhliain 2021. D'oibrigh mic léinn ó gach ceann de na hollscoileanna in éineacht chun 'heaiceáil' a dhéanamh ar cheisteanna inbhuanaíochta agus d'eascair tionscnaimh shármhaithe uaidh sin, cistíocht do bheirt mhac léinn as Coláiste na Tríonóide san áireamh a thug faoi fheachtas feasachta maidir le roghanna saora inbhuanaithe maidir le gnéithe sláinteachais den fhuil míosa.

Tugadh céim a haon d'iniúchach bithéagsúlachta ar phríomhchampas Choláíste na Tríonóide chun críoch i rith shamhradh na bliana 2021. D'oibrigh mic léinn, lucht taighde agus daoine den lucht léinn air sin agus iniúchadh á dhéanamh ar líon na ngnáthóg agus na speiceas ar fud 47 acra champas Fhaiche an Choláiste. Beidh an tuarascáil ina leith sin ina lón eolais maidir le bearta chun feabhas a chur ar chúrsaí bithéagsúlachta ar an gcampas agus ina ábhar taighde freisin ag mic léinn agus ag an bpobal i gcoitinne.

Chuir Coiste Champas Glas an Choláiste naoi gcinn d'fhochoistí nua ar bun maidir le réimsí éagsúla inbhuanaíochta ionas go bhféadfaí oibriú ón talamh aníos. Tá ceithre dhuine dhéag agus ceithre fichid, mic léinn agus baill foirne, ag saothrú ar na fochoistí i ndáil le réimse forleathan beartaíochta, idir chuidiú leis an iniúchadh bithéagsúlachta (thuas), agus chuidiú le mic léinn atá ina ndídeanaithe ag cur isteach ar oideachas tríú leibhéal, agus fheachtais cumarsáide nó roghanna lónadóireachta do veigeáin ar an gcampas.

D'oibrigh Coláiste na Tríonóide i rith na bliana 2021 i gcomhar le Comhairle Chathair Bhaile Átha Cliath chun intéirneacht inbhuanaíochta a chur ar bun leis an gComhairle. Glacadh le dáréag mac léinn ag obair ar thograí maidir le cúrsaí inbhuanaíochta (córas iompair inbhuanaithe; caomhnú uisce; maolú ar astaíocht ó fheithiclí na Comhairle; athbhreithniú ar an reachtaíocht áitiúil maidir le hathrú aeráide; geilleagar ciorclach; Aistriú Cóir Fuinnimh, agus eile) i rith an tsamhraidh. Rinneadh fónamh leis na socrúcháin intéirneachta seo maidir le hobair na Comhairle ar chúrsaí aeráide agus bithéagsúlachta agus cuireadh deis ar thaithí oibre ag obair go gairmiúil i réimse na hinbhuanaíochta ar fáil do na mic léinn.

Den tríú bliain as a chéile, earcaíodh mic léinn chónaithe ar Chlár Champas Glas Choláiste na Tríonóide maidir le hÁrais Chónaithe. Clár gradamúil seo trína gcuirtear oiliúint ar áitritheoirí maidir leis an athrú aeráide, fuinneamh, uisce, ídiú acmhainní agus bithéagsúlacht. Clár idirghníomhaíochta oideachais atá ann trína gcuirtear daoine ar an eolas faoi sheifteanna ionas gur féidir a bheith éadrom ó thaobh carbóin agus iad ag maireachtáil ar an gcampas nó níos faide ó bhaile tráth is faide anonn.

Clár faisnéise is ea Plean Bee ina scrúdaítear an dea-thoradh atá ag an bPlean Pailneoirí Uile-Éireann maidir le meath na bpailneoirí a chur ina cheart. Seoladh an clár ar TG4 ar Lá Domhanda na mBeach. Léirítear sa chlár an Plean Pailneoirí Uile-Éireann, a chuir grúpa geallsealbhóirí in earnálacha éagsúla le chéile agus a chomhbhunaigh Jane Stout, Ollamh le Luibheolaíocht i Scoil na nEolaíochtaí Nádúrtha i gColáiste na Tríonóide.

# 8. Clár Forbartha Caipitil

## 8.1 Tionscadail

**Tionscadal Scoil Ghnó Choláiste na Tríonóide**
Seachadadh an tionscadal €80m seo in am agus de réir an bhuiséid, ag soláthar Scoil Ghnó nua agus leathnaithe mar aon le Mol Nuálaíochta & Fiontraíochta ar Shráid an Phiarsaigh ag cuimsiú suíomh Halla Luce (iar-Ionad Spóirt). Cruthaíodh bealach isteach nua freisin ó Shráid an Phiarsaigh, mar aon le bialann geal nua le 200 suíochán ar a thugtar 'The Forum'. Áirítear sa tionscadal, a chuimsíonn 14,000 méadar cearnach, halla éisteachta 600 suíochán, 24 seomra leapa do mhic léinn, spásanna poiblí inar féidir le mic léinn bualadh le chéile agus smaointe a mhalartú, seomraí ranga 'cliste' leis an teicneolaíocht dhigiteach is déanaí, agus Seomra Boird nua Choláiste na Tríonóide.

**Cearnóg na Clólainne – Cóiríocht do Mhic Léinn**
Cuireadh an obair thógála maidir le háras nua lóistín do mhic léinn Choláiste na Tríonóide ar Shráid an Phiarsaigh, le 250 seomra leapan, ar athló mar gheall ar shrianta maidir le COVID-19, ach tá tnúth lena thabhairt chun críche anois faoi dheireadh an tsamhraidh sa bhliain 2022. Beidh cóir á dhéanamh freisin san fhoirgneamh 9 stóir, 13,000 méadar cearnach seo do sheirbhísí na mac léinn, d'Aonad Sláinte nua agus d'Áiseanna Spóirt.

**Teilgcheárta Foghlama E3 Martin Naughton**
Cheap Coláiste na Tríonóide an comhlacht ailtireachta Feildon Clegg Bradley a bhfuil dea-chlú go hidirnáisiúnta orthu i mbun an togra seo agus, tar éis cead pleanála a fháil ó Chomhairle Chathair Bhaile Átha Cliath don fhoirgneamh nua Innealtóireachta, Timpeallachta agus Teicneolaíochta seo, ceapadh JJ Rhatigan mar phríomhchonraitheoir. Beidh roinnt blianta i gceist leis an obair thógála a chríochnú agus cuirfear bealach nua ar fáil tríd an gcampas go dtí an ceann thoir den Choláiste, ní a mbeidh daoine ríshásta leis.

**Árais Stairiúla Cóiríochta**
Tá pleananna cúramacha athchóiriúcháin leagtha amach ag Pascal+Watson, Ailtirí, maidir le hathchóiriú ar na Rúibricí, a tógadh 320 bliain ó shin, agus ar Theach an Ard-Stíobhaird. Tá cead pleanála faighte, chomh maith le tairiscint atá de réir an bhuiséid, agus táthar ag dul chun cinn go cúramach leis an obair ar an bhfoirgneamh seo atá ar an gceann is sine de chuid an Choláiste agus lena mbaineann gnéithe iomadúla staire. Beidh cóiríocht do mhic léinn ar fáil ann ar an obair a thabhairt chun críche, chomh maith le háiseanna cruinnithe agus comhoibre maidir le cúrsaí léinn ar stór na talún.

**Athfhorbairt na Seanleabharlainne**
I gcomhar leis an meitheal dearthóireachta, Heneghan Peng, Ailtirí, fuarthas cead pleanála maidir leis an athfhorbairt ar an tSeanleabharlann (a tógadh thart ar an mbliain 1712), an obair dearthóireachta san áireamh maidir leis an taispeántas nua agus na hoibreacha maidir leis an Taisce. Tá obair fheabhsúcháin den mhórthábhacht ar an Seanleabharlann i gceist leis an togra seo d'fhonn a chinntiú go gcaomhnaítear ceann de na foirgnimh is breátha de chuid an Choláiste agus go gcruthaítear timpeallacht atá oiriúnach do na bailiúcháin shainiúla.

**Cóiríocht do Mhic Léinn – Halla na Tríonóide, Dartraí**
Tá tús curtha le hiarratas forleantach maidir leis an gcead pleanála do thogra maidir le lóistín do mhic léinn faoin gcóras pleanála maidir le Forbraíocht Straitéiseach Tithíochta d'fhonn spás do 360 leaba a chur ar fáil i Halla na Tríonóide, Dartraí. Cuirfear toradh an phróisis sin in iúl faoi dheireadh an tsamhraidh.

**Bonneagar Comhshaoil, Leictreach, Úsáid Spáis agus tionscadail eile**
Cuireadh tionscadal €9m chun uaschumas allmhairithe leictreachais na hOllscoile a mhéadú, agus chun iliomad soláthairtí atá ann cheana a chur le chéile in aon rud amháin, de réir an bhuiséid agus de réir an sceidil agus tá sé ag feidhmiú go hiomlán, agus tá an ceangal deiridh le Cearnóg na Clólainne dlite ag deireadh an tsamhraidh in 2022. Tá tionscadail chothabhála agus tionscnaimh bainistithe fuinnimh thábhachtacha ag leanúint ar aghaidh timpeall an champais, agus tá tuilleadh beartaithe (faoi réir maoinithe), lena chinntiú gur

féidir leis an gColáiste timpeallacht shábháilte agus shláintiúil a chur ar fáil agus chun ardleibhéal caighdeán a fheabhsú agus a choinneáil sa timpeallacht thógtha.


Tá tionscnaimh éagsúla á mbeartú maidir le húsáid spáis d'fhonn an leas is fearr a bhaint as an bhfearann agus go háirithe an úsáid is fearr as na seomraí ranga i bhfianaise phaindéim Covid-19. Tá Coláiste na Tríonóide tugtha don chóiríocht is fearr is féidir a chur ar fáil do mhic léinn agus leantar den obair ar chlár athchóiriúcháin maidir le réimsí cóiríochta ar an gcampas.

Fuair an Ollscoil Cead Pleanála freisin don chéad fhoirgneamh nuálaíochta agus fiontraíochta ar Champas Thoir Choláiste na Tríonóide ar a dtabharfar 'Tairseach' agus beidh tairiscintí maidir leis an togra sin á n-iarraidh i rith na bliana 2022. Tá roinnt tograí móra deisiúcháin agus caomhnúcháin eile a bhfuil buntábhacht leo a bhfuil an obair ina leith ar siúl nó á tabhairt chun críche, mar shampla díon nua ar Fhoirgneamh na hIarsmalainne, athchóiriú ar na ráillí, agus gnéithe buntábhachtacha de na bunchórais leictreachais agus meicniúla.

## 8.2 Caomhnú Fuinnimh

**Ídiú Fuinnimh**

32 milliún kWh leictreachais a ídíodh i bhfoirgnimh Cholaíste na Tríonoíde i rith na bliana 2020-21 (laghdú 1.5% i gcomórtas leis an mbliain roimhe sin) agus beagán le cois 43 milliún kWh de ghás nádúrtha (laghdú 1.1% i gcomórtas leis an mbliain roimh ré)[1] .




Ba bhliain faoi leith an bhliain 2021 lena raibh de chur isteach ar chúrsaí ag COVID-19. Ó lár mhí Márta 2020, athraíodh go dtí teagasc ciancheangail nó modh cumaisc teagaisc i ndáil leis an gcuid is mó den mhúinteoireacht agus lean sin ar aghaidh isteach sa bhliain 2021. Tharla ísliú ríshuntasach ar leibhéal na húsáide i roinnt de na foirgnimh dá bharr sin. Bhí foirgnimh áirithe a mb'éigean feidhmiú iomlán na gcóras iontu ainneoin teorainn le líon na ndaoine agus scaipeadh leathan orthu. Bhí gá le uaireanta fada a chloig d'oibriú na gcóras aerála d'fhonn teacht leis an treoir sábháilteachta agus gá freisin le síneadh a chur le huaireanta oscailte agus oibre i leabharlanna agus i saotharlanna éagsúla taighde.

Mar is léir ón gcairt thuas, is i ndáil le hídiú leictreachais a tháinig an t-ísliú ba mhó ó tharla ceangal níos dlúithe idir sin agus líon na ndaoine ná mar atá i ndáil le hídiú gáis.

1 Sonraí arna mbunú ar SEAI M&R agus níl ar aon dul dá réir sin leis an modh oibre a bhíodh in úsáid maidir le tuairiscí na mblianta a caitheadh.

**Astaíocht Carbóin a bhaineann le Cúrsaí Fuinnimh**

19,900 Tonna a tharla d'astaíocht CO2 maidir le cúrsaí fuinnimh a bhliain 2020-21, 45% de sin maidir le breosla ar mhaithe le teas. Ó tharla go mbeidh dícharbónú á thabhairt i gcrích ar an leibhéal náisiúnta maidir le cúrsaí leictreachais, dícharbónú teasa an deacracht is mó atá le sárú ag an gColáiste.

**Tograí maidir le Cúrsaí Fuinnimh**

In Ospidéal San Séamus a rinneadh an togra is mó maidir le cúrsaí fuinnimh a thabhairt chun críche i rith na bliana 2021. Ba é a bhain leis sin fuaraitheoir a athrú agus tiomántóirí ar féidir an luas a athrú ina leith a fheistiú le caidéil éagsúla.

Áirítear ar na tionscnaimh atá á mbeartú:

- Forfheabhsú ar Aonaid Láimhseála Aeir in Institiúid Hamilton, obair atá beartaithe a thabhairt chun críche i rith na bliana 2022. Baineann leis an obair sin aonaid ardfheidhmiúlachta lena ngabhann aisghabháil teasa agus caidéil teasa a chur in ionad deich gcinn d'Aonaid Láimhseála Aeir. Fágfaidh sin gur féidir deireadh a chur le breosla iontais don teas san áras sin, togra rífhiúntach maidir le cúrsaí dícharbónúcháin.
- Forfheabhsú maidir le cúrsaí fuinnimh in Áras Moyne, faoi chlár “Pathfinder” le cistí ón Údarás um Ardoideachas. Tá forfheabhsú fuinnimh maidir leis na soilse, HVAC, creatlach an fhoirgnimh agus teas inathnuaite i gceist leis an togra a bhfuiltear ag céim na dearthóireachta ina leith. Togra rífhiúntach eile seo maidir le cúrsaí dícharbónúcháin.
- Leabharlann Berkeley
  - Soilse le stór na talún, beartaithe don bhliain 2022, meastar go dtiocfaidh 15,000 kWh de shábháil in aghaidh na bliana dá bharr.
  - Forfheabhsú maidir le cúrsaí aerúcháin, beartaithe don bhliain 2022.
- Ionad Choláiste na Tríonóide Ospidéal San Séamus – Forfheabhsú maidir le cúrsaí aerúcháin, beartaithe don bhliain 2022.
- Lloyd – Forfheabhsú maidir le soilse LED a fheistiú, beartaithe don bhliain 2022.
- Leantar den athrú ó innealra le breosla iontaise go dtí innealra leictreachais maidir le Fearann agus Gairdíní an Choláiste.

**Foirgnimh Nua & Bearta Móra Athchóiriúcháin**

Faiche Theach na Clódóireachta: Leanadh i rith na bliana den obair ar thogra Fhaiche Theach na Clódóireachta. Comhlíonfaidh an fhorbairt sin freisin ceanglais chaighdeán NZEB ach déanfar é a thógáil freisin le bheith ina chaighdeán den scoth BREEAM. Clúdaíonn an caighdeán BREEAM réimse éagsúil critéar inbhuanaitheachta. Beidh an fhorbairt nua nuair a bheidh sí críochnaithe mar thiomantas an-soiléir ón Ollscoil chun bheith ina champas atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Beidh cuid mhór insliúcháin i gceist, soilse de chineál LED amháin ar fud an fhoirgnimh ar fad, córas fótavoltachais feistithe ar an díon, córas cumaisc teasa agus cumhachta (CHP) nua 100 kW á chur i bhfearas agus bearta eile á gcur i bhfeidhm maidir le húsáid uisce a mhaolú oiread agus is féidir.

Ceárta Foghlama E3: Tá tús curtha anois leis an obair ar an suíomh d'fhonn spás teagaisc faoi leith a chur ar fáil maidir leis an Innealtóireacht, Eolaíocht Ríomhaireachta agus na hEolaíochtaí Nádúrtha. Tá an foirgneamh seo á dhearadh le bheith ina chaighdeán NZEB agus BREEAM den scoth. Is foirgneamh an-inbhuanaithe a bheidh ann ina mbeidh fuinneamh in-athnuaite ar an láthair agus téarnamh forleathan teasa. Beidh sé ar an chéad fhoirgneamh ar mhórscála i gColáiste na Tríonóide nach mbeidh aon bhreosla iontaise ag teastáil uaidh le haghaidh téamh teirmeach nó chun uisce te tí a ghiniúint. Cloífear le clár oibre den chineál céanna, dírithe ar shárchaighdeán maidir le gnéithe inmharthanachta, i ndáil leis an bhforbairt dearthóireachta ar thionscadail eile as seo amach: cuirfear deireadh le breosla iontaise ar an láthair agus tabharfar san áireamh gineadóireacht fuinnimh ar an láthair ó fhoinsí inathnuaite le Caidéil Teasa (Foinsí Aeir/Talún araon) agus gaireas PV á fheistiú ar an díon, mar chuid den bheartaíocht ar mhaithe le spriocanna ídiú carbóin a shásamh.

Na Rúibricí: Idir na blianta 1699 agus 1702 a tógadh na Rúibricí, foirgneamh faoi leith a bhfuil tábhacht leis ó thaobh cúrsaí ailtireachta, staire, seandálaíochta, cultúir agus sóisialta. Tá stádas caomhantais ag gabháil leis an bhfoirgneamh seo faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) agus stádas séadchomhartha taifeadta faoi Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930.

Tá Straitéis maidir le hIarfheistiú Creatlaigh atá éadrom ó thaobh carbóin leagtha amach i ndáil leis na Rúibricí agus é de rún leis sin feabhas chomh mór agus is féidir a chur ar éifeachtúlacht theirmeach an fhoirgnimh gan aon díobháil do bhuanseasmhacht an ábhair ná do thréithe stairiúla.


Tugtar le chéile leis an gcur chuige uileghabhálach i ndáil le hobair iarfheistiúcháin, gnéithe a bhaineann le caomhnú oidhreachta, cumhdach an chreatlaigh, cúrsaí feidhmíochta maidir le hídiú fuinnimh, astaíocht carbóin láithreach agus oibriúcháin agus dea-bhail na n-áitritheoirí. Déantar de réir na comhairle maidir leis an dea-chleachtas agus an ghnáis a mholtar faoin I.S. EN 16883:2017 An Oidhreacht Chultúir a Chaomhnú – Treoirlínte maidir le feidhmíocht fuinnimh i bhfoirgnimh stairiúla ionas go dtugtar chun suntais na roghanna is oiriúnaí maidir le bearta forfheabhsúcháin.
Baineadh leas as sonraí ó obair tomhais agus suirbhéireachta ar an láthair ionas go maolaítear oiread agus is féidir aon seans go dtarlódh toradh nár beartaíodh ar aon chuid den obair.

**Na Spriocanna Náisiúnta maidir leis an Aeráid**

Tá sprioc na hollscoile maidir le caomhnú fuinnimh sa bhliain 2020 ceangailte leis an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta, an dara ceann, maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh (PGNÉF 2). Cuirtear roimh an earnáil phoiblí go náisiúnta ídiú fuinnimh a ísliú 33% faoin mbliain 2020. Mar a léirítear thíos, thug Coláiste na Tríonóide feabhsú éifeachtúlachta 35.9% i gcrích; ní foláir an tionchar mar gheall ar shrianta COVID-19, agus níos lú úsáide dá réir, a thabhairt san áireamh leis na tosca ina leith sin.

## Energy Performance Indicators - 2021

2021 EnPi = 266 $\frac{\text{kWh}}{\text{Research Equivalent Floor Area}}$    EnPi = 207 $\frac{\text{kWh}}{\text{Research Equivalent Floor Area}}$




Luaitear i bPlean Gníomhaíochta an Rialtais maidir leis an Aeráid go bhfuil spriocanna níos géire arís á leagan amach, ina measc 50% d'fheabhas maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus ísliú glan 51% maidir le hastaíocht gháis cheaptha teasa faoin mbliain 2030. Fágann an t-ísliú glan maidir le carbón go gcaithfear an t-ídiú fuinnimh a ghabhann le haon fhoirgneamh nua a thabhairt isteach le hísliú in áiteanna eile. Mar a luaitear thuas, tá dícharbónú maidir le cúrsaí teasa ar an réimse deacrachta is mó atá le sárú.

Tá mórscála suntasach ag baint leis an deacracht atá le sárú agus táthar ag cur leis na hacmhainní d'fhonn feabhsú in athuair ar an dul chun cinn atá déanta go dtí seo maidir le héifeachtúlacht fuinnimh.

2 Energy efficiency/performance in Trinity is measured in primary energy use per m2 of “equivalent floor area” relative to a 2006-08 baseline.

## 9. Daonchairdeas

Ba thréimhse den suntas an bhliain 2020-21 maidir le cúrsaí daonchairdis agus Coláiste na Tríonóide: i rith shamhradh na bliana 2021, dhá bhliain tar éis an chéim phoiblí den fheachtas daonchairdis *Spreagadh na nGlúnta* a sheoladh, baineadh amach spriocanna an fheachtais maidir le €400 milliún de shíntiúis a bhailiú agus 150,000 uair a chloig d'obair dheonach. Ba mhór an éacht sin, go háirithe agus bac ar imeachtaí bailiú airgid a eagrú a mbeadh daoine cruinnithe ar aon láthair faoi na gcoinne ó mhí Márta 2020 ar aghaidh mar gheall ar shrianta dochta a bheith i bhfeidhm.

Faoin tráth ar seoladh *Spreagadh na nGlúnta* go poiblí i mí Bealtaine 2019, bhí €272 milliún cruinnithe cheana féin. Faoi mhí Bealtaine 2020, bhí €342 milliún bailithe agus ba é an €30 milliún a thug Eric agus Barbara Kinsella i samhradh na bliana 2021 a thug go ceann sprice muid. Ba é seo an tríú tabhartas dar luach níos mó ná €25 milliún a bronnadh ar *Spreagadh na nGlúnta*, feachtas a spreag 11,424 deontóir éagsúil ar fud an domhain.

Tá athrú mór curtha ag an bhfeachtas ar chúrsaí bailiú cistí i gColáiste na Tríonóide. Tá ardú ar an ngnáthbhailiú airgid ó €10 milliún in aghaidh na bliana (arna ríomh de réir an mheánleibhéil ar feadh trí bliana 2009-11) roimh thús an fheachtais go dtí €35 milliún faoi bhliain deiridh an fheachtais (2019-21). Ar chomhleithéidí Choláiste na Tríonóide i measc ollscoileanna na Ríochta Aontaithe a úsáid mar shlat tomhais, isríshuntasach mar atá cruthaithe. Chuir More Partnership an tuarascáil *Campaign Impact Report* i dtoll a chéile i mí Eanáir 2022. Luaitear ansin nach mbeadh chun cinn ar Choláiste na Tríonóide i measc ollscoileanna na Ríochta Aontaithe, Oxbridge san áireamh, ó thaobh cúrsaí éifeachta (e.g. luach na gcistí a bailíodh in aghaidh gach ball foirne maidir le cúrsaí daonchairdis/forbartha) ach UCL, tuairim a dtreisítear léi le comparáid idir an t-airgead a cruinníodh agus an t-airgead a caitheadh ina bhun sin. Tháinig níos mó ná dúbailt ar an gcion tairbhe ó ghnóthaí daonchairdis maidir le buiséad foriomlán Choláiste na Tríonóide ó 3% nuair a cuireadh an feachtas ar bun go dtí 7.7% an bhliain deiridh.

### Tograí an fheachtais

Baineann na tograí tús áite faoi Spreagadh na nGlúnta le ceithre cinn de mhórthéamaí:

- **Campas don 21ú céad a thógáil:** áirítear ar na tograí forbartha caipitil príomhthábhachta Scoil Ghnó nua Choláiste na Tríonóide, Scoil nua an Dlí, athfhorbairt ar an tSeanleabharlann, E3:
- **Clár na nGlúnta Nua** d'fhonn daoine cumasacha a thabhairt chuig an ollscoil trí scoláireachtaí do mhic léinn a chur ar fáil, infheistíocht a dhéanamh i gClár Rochtana Choláiste na Tríonóide, agus Ollúnachta nua agus poist acadúla lena dtagann tionacht a chruthú;
- **Cothú na nDaonnachtaí:** infheistíocht sna dána agus sna daonnachtaí, lena n-áirítear Mol an tSeomra Fhada agus Ionad Choláiste na Tríonóide d'Aistriúchán na Litríochta agus an Chultúir
- **Deacrachtaí maidir le Cúram Sláinte a Shárú:** Institiúid Ailse Choláiste na Tríonóide-Ospidéal San Séamas agus infheistíocht breise in obair taighde cheannródaíochta na hollscoile maidir le dul in aois; Togra Imdhíoneolaíochta Choláiste na Tríonóide maidir le Covid-19.

Tharla tionscnaimh mhórshuntais a mhaoiniú faoi na téamaí sin i rith na bliana 2020-21, ar a n-áirítear:

- Mar chuid de thograí E3 agus na nGlúnta Nua, seoladh **Ionad Ryanair don Eitleoireacht Inbhuanaithe** i mí Aibreán 2021. Tá deontas €1.5 milliún ó Ryanair á chur in úsáid ag Coláiste na Tríonóide mar shíolchiste maidir le meitheal ildisciplíne atá ag dul i mbun taighde faoi bhreosla inbhuanaithe d'eitleáin, faoi chórais tiomáinte eitleán atá neodrach ó thaobh carbóin agus faoi mhapáil torainn.
- Mar chuid de Chlár na nGlúnta Nua agus de Chláir Rochtana Choláiste na Tríonóide, tá buanchiste scoláireachtaí do mic léinn Chláir Rochtana Choláiste na Tríonóide a dhéanann staidéar ar eolaíocht ríomhaireachta á mhaoiniú ag mic léinn agus cairde leis an Ollamh John G. Byrne. Tá €750,000 den sprioc €1 milliún bailithe cheana féin agus bronnadh an dá scoláireacht tosaigh de **Scoláireachtaí an Oll. John G. Byrne** i mí na Nollag 2021.
- Mar chuid de na Deacrachtaí maidir le Cúram Sláinte a Shárú, seoladh **Togra Imdhíoneolaíochta Choláiste na Tríonóide maidir le Covid-19** i mí Bealtaine 2020 le deontas tionscnaimh €2.4 milliún ó Bhanc Aontas Éireann agus aimsíodh seacht gcomhlacht deontais eile i rith na bliana le tabhartais de luach idir €5,000 agus €100,000.
- Mar chuid de Chothú na nDaonnachtaí, bhronn , bhronn an bhean daonchairdis Beate Schuler €400,000 mar chiste **d'Fhóram Daonlathais Schuler** i Mol an tSeomra Fhada go ceann tréimhse trí bliana 2021-24. Féachtar san Fhóram sin le haird lucht ceaptha beartais, na sochaí sibhialta agus lucht na meán cumarsáide a spreagadh le bearta taighde agus rannpháirtíochta atá dírithe ar théama na meán cumarsáide agus an daonlathais.

Cé go bhfuil an feachtas tugtha chun críche anois, beidh béim go fóill ar chuid mhór de thograí Spreagadh na nGlúnta maidir le bailiú cistí i rith na mblianta seo romhainn.

**Gnáthrud a dhéanamh de 'ollscoil an daonchairdis'**

Is gné shuntasach an daonchairdeas anois de chóras eacnamaíochta an choláiste agus tá an nóisean maidir le 'ollscoil daonchairdis' ina ghnáthchuid den smaointeoireacht ag pobal Choláiste na Tríonóide, an lucht léinn, na mic léinn agus na céimithe, de thoradh an fheachtais.


Is rímhaith a d'éirigh le Comhairle an Phropaist, bord a cuireadh ar bun sa bhliain 2016 lena raibh buntábhacht maidir leis an bhfeachtas a rith, i mbun deontóirí agus lucht saorálaíochta den tábhacht a cheangal go dlúth leis an gcoláiste.

Tá ardaidhmeanna i gcónaí ag TDA agus aghaidh ar an gcéad chéim eile tar éis an fheachtais seo den daonchairdeas i gColáiste na Tríonóide.

## 10. Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2021

Tá ráitis airgeadais na bliana dár chríoch an 30 Meán Fómhair 2021, arna n-aontú ag an mBord an 24 Márta 2022, le feiceáil ag an nasc thíos:

https://www.tcd.ie/financial-services/financial-statements/



# Appendix I

**Attendance at Board Meetings 2020-2021**

The total number of meetings held during the year was 13.

**Ex-officio members:**
Provost (Dr Patrick Prendergast) (13), Vice-Provost/Chief Academic Officer (Professor Jürgen Barkhoff) (13), Senior Lecturer/Dean of Undergraduate Studies (Professor Kevin Mitchell) (13), Registrar (Professor Brendan Tangney) (13), Bursar/Director of Strategic Innovation (Professor Veronica Campbell) (13).

**Elected members:**
Professor Khurshid Ahmad (13), Professor Sarah Alyn Stacey (6)*, Professor Louis Brennan (13), Professor Andrew Burke (11), Mr Kevin Byrne (12), Professor Daniel Faas (12), Ms Stephanie Farrell (2)**, Mr David Grouse (13), Professor Rose Ann Kenny (10), Professor Caitriona Leahy (6), Professor Kathleen McTiernan (9), Ms Rachel Matthews McKay (9), Professor Ross McManus (13), Professor Andrea Nolan (6), Professor Diarmuid R Phelan (12), Professor Lorna Roe (9), Professor Aidan Seery (13), Professor Fintan Sheerin (11), Professor John Walsh (11).

**External members:**
Ms Jill Donoghue (10)

**Student members:**
Mr Eoin Hand (13), Ms Leah Keogh (13), Ms Megan O'Connor (13), Ms Gisele Scanlon (13).

* Prof Sarah Alyn Stacey temporarily stepped aside from Board on 26th November 2020 before resuming her membership on 26th April 2021. Prof Catriona Leahy replaced her during this time.

** Ms Stephanie Farrell's term on Board was extended as elections for the TASS constituency, due to exceptional circumstances of the Covid-19 pandemic, did not take place until the Michaelmas term. Ms Rachel Matthews then replaced Ms Farrell on 16th December 2020.

# Appendix II

**Board Expenses 2020-2021**

No fees are paid to members of the Board (Governing Authority). The external Board members are entitled to Senior Common Room membership fees of €279. No other expenses were claimed by Board members for in the academic year 2020-21.



Trinity College Dublin
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
The University of Dublin